An Roinn Oideachais
Department of Education

# Deontas Leabhair Scoile

## Treoirlínte d’Iar-Bhunscoileanna

## 2025/26

Márta 2025 v1.1

# Clár

**Rialú an doiciméid** 4

**Brollach ón Aire Oideachais Helen McEntee TD** 5

**1. Réamhrá** 6

**2. Buntáistí do thuismitheoirí/chaomhnóirí** 8

**3. Buntáistí d'iar-bhunscoileanna** 9

**4. Scóip na scéime** 10

4.1 Úsáid an deontais ag scoileanna 10
4.2 Leabhair Scoile 11
4.3 Acmhainní ranga 12
4.4 Scoláirí atá ag tosú sa dara, tríú nó sa séú/ATF2 bliain sa scoilbhliain 2025/26 13
4.5 Ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna 14
4.6 Acmhainní agus ábhair múinteoir-ghinte 14
4.7 Maoiniú barrachais 15

**5. Socruithe maoinithe** 17

5.1 Leithdháileadh do scoileanna 17
5.2 Íocaíocht an deontais 17
5.3 Iar-bhunscoileanna faoi phátrúnacht na mbord oideachais agus oiliúna (BOOanna) 18
5.4 Scoileanna atá i mbun forbartha 18
5.5 Cúinsí eisceachtúla 19
5.6 Deontas Tacaíochta Riaracháin 20

**6. Riar na scéime** 25

6.1 Príomhphrionsabail 25
6.2 Roghnú leabhair scoile 25
6.3 Gléasanna digiteacha 25
6.4 Acmhainní a thacaíonn le múineadh na Gaeilge 26
6.5 Pleanáil go luath 27
6.6 Úinéireacht 27
6.7 Éarlaisí 28
6.8 Dramhaíl a laghdú 29
6.9 Cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí 30

**7. Soláthar** 32

7.1 Córas Ceannaigh Dinimiciúil (CCD/DPS) 32
7.2 An t-aonad um sholáthar do scoileanna 33
7.3 Iar-bhunscoileanna atá faoi phátrúnacht na mbord oideachais agus oiliúna (BOOanna) 33

7.4 Soláthar poiblí glas 33
7.5 Leabharliostaí bliantúla 34
7.6 Teimpléad le haghaidh luachana má tá an tairiscint iomlán níos lú ná €50,000 (gan CBL san áireamh) 35
7.7 Cód Cleachtais Chumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann (IEPA) 35
7.8 Gníomhaireacht na hÉireann um Cheadúnú Cóipchirt 35
7.9 Siopaí leabhar scoile agus soláthraithe leabhar scoile 36

**8. Bainistíocht airgeadais 37**

8.1 Riarachán airgeadais 37
8.2 Maoiniú barrachais 38
8.3 An t-aonad um sheirbhísí tacaíochta airgeadais 38
8.4 Íocaíochtaí le soláthraithe 39

**9. Meastóireacht ar an scéim 40**

9.1 Athbhreithniú agus tuairisciú scoile 40
9.2 Rialachas agus iniúchadh na Roinne Oideachais 40

**10. Athbhreithniú ar an treoir seo 42**

**11. Ceisteanna 43**

**Aguisín 1 – Acmhainní ranga lárnacha 44**

**Aguisín 2 – Dréacht chumarsáid chuig tuismitheoirí/caomhnóirí scoláirí ata rollaithe in iar-bhunscoileanna aitheanta. 47**

**Aguisín 3 – Liosta tascanna na scoile 49**

**Aguisín 4 – Riachtanais soláthair 51**

**Aguisín 5 – Cumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann (IEPA) 54**

**Nascanna Úsáideacha 55**

# Rialú an doiciméid

| Uimhir an Leagain | Sonraí an athraithe | Rannán a athraíodh |
|---|---|---|
| V1.0 | Foilsithe | |
| V1.1 | Earráid chló ar an ráta ÁSPC<br>Soiléiriú faoi mhaoiniú d'íocaíocht laethanta tacaíochta forlíontacha | 5.6.2<br>5.6.3 |
| | | |

# Brollach ón Aire Oideachais Helen McEntee TD

Tá an-áthas orm mar Aire Oideachais nua-cheaptha Scéim na Leabhar Scoile Saor in Aisce a leathnú chuig scoláirí uile i mblianta na Sraithe Sinsearaí, an Idirbhliain san áireamh, ó Mheán Fómhair seo chugainn. Ciallaíonn sé seo, don chéad uair i stair an Stáit, go gcuirfear leabhair scoile saor in aisce ar fáil do gach leanbh agus duine óg atá cláraithe i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais ó thús na scoilbhliana 2025/26.

Táim go mór faoi chomaoin ag gach ceannaire scoile, ball foirne scoile agus bord bainistíochta as Scéim na Leabhar Scoile Saor in Aisce a chur i bhfeidhm do gach leanbh agus duine óg atá cláraithe i mblianta na Sraithe Sóisearaí le bliain anuas. Cuireadh leabhair scoile agus acmhainní ranga ar fáil do gach scoláire sa tSraith Shóisearach don scoilbhliain 2024/25 agus laghdaigh an scéim costais filleadh chun na scoile do go leor teaghlach.

Tá an t-oideachas i gcroílár na n-uaillmhianta uile atá againn mar thír. Tá sár-oideachas agus sár-oiliúint nuálach ríthábhachtach chun sochaí chothrom agus geilleagar láidir a sheachadadh.

Trí leabhair scoile a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, tá a n-eispéireas oideachais á fheabhsú againn, ní hamháin sa seomra ranga ach sa bhaile agus de réir mar a bhíonn siad ag ullmhú don saol tar éis na scoile. Cinnteoidh Scéim na Leabhar Iar-Bhunscoile go gcuirfear ábhair agus acmhainní riachtanacha ar fáil do na scoláirí. Cinnteoidh sé go laghdófar an t-ualach airgeadais a bhíonn ar go leor teaghlach nuair a bhítear ag filleadh ar an scoil.

Rachaidh síneadh na scéime seo go dtí an tSraith Shinsearach, an Idirbhliain san áireamh, chun tairbhe thart ar 185,000 scoláire i ngach contae in Éirinn. Ciallaíonn sé seo go mbeidh tairbhe as leabhair scoile saor in aisce le fáil ag thart ar 400,000 leanaí agus daoine óga in iar-bhunscoileanna ar fud na hÉireann.

Forbraíodh an treoir seo chun cuidiú le hiar-bhunscoileanna an scéim a chur i bhfeidhm roimh thús na scoilbhliana 2025/26. Scríobhadh é le cúnamh ó na comhpháirtithe oideachais agus le hionchur ó phríomhpháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear foilsitheoirí leabhar scoile agus soláthraithe leabhar scoile. Arís, gabhaim buíochas leis na comhpháirtithe go léir as a gcuid oibre ar an treoir.

Tá gealltanas i gClár an Rialtais *leabhair scoile saor in aisce a chur ar fáil do gach leanbh sa chóras saoroideachais agus athruithe ar fheidhmiú na scéime seo a thabhairt isteach de réir mar is gá*. Táim ag súil le bheith ag obair le scoileanna agus le páirtithe leasmhara eile ina leith seo.



Helen McEntee TD
Aire Oideachais

# 1. Réamhrá

Tá sé i gceist go dtacódh na treoirlínte seo le ceannairí iar-bhunscoile an An Scéim Iar-bhunscoile a riar. Ba chóir go gcabhródh siad ceisteanna ar bith faoin scéim a fhreagairt agus tacú leis an bpleanáil don scoilbhliain 2025/26 agus le feidhmiú foriomlán na scéime.

Is féidir leis an gcostas a bhaineann le daoine óga a ullmhú le filleadh ar an scoil a bheith dúshlánach do go leor teaghlach a bhfuil brú airgeadais breise orthu bliain in aghaidh bliana chun na nithe go léir is gá le filleadh ar scoil a chur ar fáil. Ceann de na costais shuntasacha is ea an costas a bhaineann le soláthar leabhar scoile* agus acmhainní ranga gaolmhara. Tá Scéim na Leabhar Iar-Bhunscoile á leathnú don scoilbhliain 2025/26 chun na blianta ar fad in iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais a chlúdach. Tugadh isteach é don scoilbhliain 2024/25 do scoláirí na Sraithe Sóisearaí agus, ó thús na scoilbhliana 2025/26, bainfidh sé an costas a bhaineann le maoiniú leabhar scoile agus croí-acmhainní ranga do gach scoláire iar-bhunscoile sa Scéim Saoroideachais.

Ní bheidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí aon ranníocaíocht a dhéanamh feasta i dtreo chostas leabhair scoile, lena n-áirítear costas acmhainní ranga lárnacha, sa scoilbhliain 2025/26. Beidh ar scoileanna dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le scóip na scéime ina scoil.

Deimhnítear do scoileanna gur beart buan í an scéim. Is iad seo a leanas príomhphrionsabail na scéime:

- Roghnófar leabhair scoile agus acmhainní ranga gaolmhara chun tacú le cur i bhfeidhm an teagaisc agus na foghlama sa scoil agus chun curaclam na hiar-bhunscoile a sholáthar do scoláirí.
- Coimeádfaidh gach scoil úinéireacht ar na leabhair scoile. Cé go bhfanann leabhair scoile faoi úinéireacht na scoile, ba chóir go gceadófaí do scoláirí leabhair scoile a thabhairt abhaile chun obair bhaile a dhéanamh nó chun ligean do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheith i dteagmháil le foghlaim a scoláire ar scoil.
- Beidh fáil ag gach scoláire ar leabhair scoile agus ar acmhainní ábhartha atá ar fáil ón scéim seo.
- Ní bheidh aon táille á éileamh ó thuismitheoirí/chaomhnóirí ar leabhair scoile agus ar acmhainní lárnacha ranga.
- Ní iarrfar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí leabhair scoile agus acmhainní ranga lárnacha gaolmhara a cheannach atá á soláthar faoin scéim seo.

*****áit a n-úsáidtear an focal “**leabhair scoile**” sa doiciméad seo cuimsítear leis na téacsleabhair ábhartha go léir, lena n-áirítear ríomhleabhair, agus leabhair oibre a

úsáidtear ag leibhéal na scoile chun tacú le teagasc agus foghlaim ábhair sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach, an Idirbhliain san áireamh. Áirítear freisin téacsanna breise riachtanacha ar nós úrscéalta agus drámaí don Bhéarla agus nuair is gá iarpháipéir scrúdaithe.

# 2. Buntáistí do thuismitheoirí/chaomhnóirí

Is é an buntáiste is mó do thuismitheoirí/chaomhnóirí ná go bhfuil costas na leabhar scoile agus na hacmhainní ranga ábhartha bainte ó thuismitheoirí anois agus go n-íocfaidh an Stát astu. Beidh tuismitheoirí/caomhnóirí ar a suaimhneas freisin go mbeidh na leabhair scoile agus na croí-acmhainní ranga ábhartha céanna ag daoine óga agus atá ag scoláirí eile sa rang.

Soláthróidh An Scéim Leabhar Iar-bhunscoile leabhair scoile agus acmhainní lárnacha ranga do gach leanbh agus duine óg atá cláraithe in iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais. Bainfidh leathnú na scéime go dtí an tSraith Shinsearach, an Idirbhliain san áireamh, costas leabhar scoile agus acmhainní ranga de na teaghlaigh seo agus laghdófar an t-ualach airgeadais atá ar theaghlaigh agus iad ag filleadh ar scoil.

Cinnteoidh an scéim cothromas rochtana inar féidir le gach leanbh agus duine óg atá cláraithe in iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais tús a chur leis an scoilbhliain nua in 2025/26 leis na leabhair scoile agus acmhainní ranga céanna le leanaí agus daoine óga eile ina rang.

Tá bileog eolais do thuismitheoirí/chaomhnóirí curtha le chéile ag an Roinn do thuismitheoirí/chaomhnóirí atá foilsithe ar www.gov.ie/scéimeannaleabharscoile agus seoladh í le ríomhphost chuig gach iar-bhunscoil. Ní mór do scoileanna an bhileog eolais seo a scaipeadh ar gach teaghlach a bhfuil leanaí acu atá ag dul isteach nó atá faoi láthair sa scoil.

# 3. Buntáistí d'iar-bhunscoileanna

Tá go leor buntáistí do scoileanna maidir le maoiniú a sholáthar go díreach do scoileanna chun leabhair scoile agus acmhainní ranga ábhartha a cheannach do scoláirí.

Beidh sé de rogha ag iar-bhunscoileanna an curaclam a chur i bhfeidhm trí na leabhair agus na hacmhainní is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais a scoláirí a roghnú.

Tosóidh gach duine óg an scoilbhliain nua anois le sraith iomlán leabhar scoile agus roinnt acmhainní ranga ábhartha. Nuair a cheadaíonn an maoiniú b'fhéidir go mbeidh roinnt scoileanna in ann acmhainní ranga breise nó gaolmhara a sholáthar. (féach cuid 4.3 Acmhainní ranga).

Ní bheidh ar iar-bhunscoileanna a raibh scéimeanna leabhair ar cíos i bhfeidhm cheana acu, táillí cíosa leabhar a bhailiú feasta ó thuismitheoirí/chaomhnóirí scoláirí atá cláraithe ina scoileanna.

B'fhéidir go mbeidh ar chumas scoileanna costais a laghdú trí bhulc-cheannach agus trí leabhair scoile agus roinnt acmhainní a athúsáid i mblianta amach romhainn. Tá cead ag scoileanna leabhair scoile athláimhe a cheannach nuair is féidir.

Beidh úinéireacht ag scoileanna ar na leabhair scoile agus na hacmhainní freisin agus tabharfar iad ar iasacht do scoláirí. Is féidir le scoileanna cinneadh a dhéanamh faoin gcóras is fearr a oibríonn ina gcomhthéacs, agus na leabhair scoile a thabhairt ar iasacht do scoláirí:

- do scoilbhliain amháin
- do thrí bliana iomlán na Sraithe Sóisearaí
- do thréimhse na hIdirbhliana
- do dhá bhliain uile na Sraithe Sinsearaí

Cé gur le scoileanna na hacmhainní ranga a chuirtear ar fáil faoin scéim, tuigtear nach féidir le scoláirí eile cuid de na hacmhainní a athúsáid sna blianta ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh go bhfanfadh roinnt acmhainní ranga, mar áireamháin agus foclóirí, leis an scoláire ar feadh gach clár dá chuid oideachais iar-bhunscoile. Ní mór leabhair scoile a bhailiú ó scoláirí le h-athúsáid do bhlianta ina dhiaidh sin de réir mar is cuí.  Ciallaíonn sé seo nach mbeidh ar iar-bhunscoileanna, go hiondúil, sraith iomlán leabhar scoile nua a cheannach gach bliain (féach Mír 7.7 de Chód Cleachtais an IEPA).

# 4. Scóip na scéime

## 4.1 Úsáid an deontais ag scoileanna

Tá saoirse ag scoileanna maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear an maoiniú deontais leabhar scoile chun a príomhchuspóir a bhaint amach. Tá an cead seo bunaithe ar an dtuiscint go gcuirtear deireadh le costas iomlán leabhair scoile agus acmhainní ranga gaolmhara do thuismitheoirí/chaomhnóirí scoláirí atá cláraithe sa scoil.

Don scoilbhliain 2024/25 tá an maoiniú deontais socraithe ag ráta per capita in aghaidh an scoláire mar atá léirithe thíos.

| Clár | Ráta per capita 2025/26 (€) |
|---|---|
| An tSraith Shóisearach | €309 |
| An Idirbhliain | €142 |
| An tSraith Shinsearach | €295 |

Ríomhfar an maoiniú iomlán a chuirtear ar fáil do scoil bunaithe ar rolluithe bailíochtaithe an 30 Meán Fómhair 2024 (le haghaidh scoileanna atá i mbun forbartha féach Roinn 5.4 agus le haghaidh cúinsí eisceachtúla féach Roinn 5.5).

Déanann sé seo soláthar do chostas na leabhar scoile go léir (féach sainmhíniú leabhair scoile i Leabhair Scoile cuid 4.2) agus costas acmhainní ranga mar a leagtar amach sa treoir seo (féach Acmhainní Ranga mír 4.3 agus Aguisín 1). Leagann Roinn 4.2 agus 4.3 amach go soiléir na híosriachtanais do gach clár, is é sin, an tSraith Shóisearach, an Idirbhliain agus an tSraith Shinsearach.

Má chuirtear acmhainní deartha ag an scoil ar fáil in ionad leabhair scoile, áfach, féadfaidh an scoil an deontas a úsáid chun aon chostais a bhaineann le soláthar acmhainní múinteoir-ghinte a shásamh, a luaithe a bheidh na leabhair scoile agus na hacmhainní lárnacha ranga ar fad curtha ar fáil (féach cuid 4.6 d’iar-bhunscoileanna a úsáideann acmhainní múinteoir-ghinte).

Ní chuimsíonn Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí aon chostais a bhaineann le triailscrúduithe na Sraithe Sóisearaí.

Díríonn scóip Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile ar leabhair scoile, ábhair le scríobh orthu, ábhair is gá d’ábhair phraiticiúla agus trealamh tacaíochta tionscadail inar íoc tuismitheoirí/caomhnóirí costais na n-earraí seo roimhe seo, trí earra a cheannach nó trí íocaíocht a dhéanamh leis an scoil don rud sin.

## 4.2 Leabhair Scoile

### 4.2.1 Leabhair scoile do scoláirí na Sraithe Sóisearaí

Cuirfidh an scéim leabhair scoile saor in aisce ar fáil do gach scoláire in iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais. Cuirfear deireadh leis an gcostas a bhaineann leis na nithe seo do thuismitheoirí/chaomhnóirí daoine óga atá cláraithe sna blianta sin.

Cuimsíonn an téarma 'leabhair scoile' gach téacsleabhar ábhartha, lena n-áirítear ríomhleabhair, agus leabhair oibre atá riachtanach chun an curaclam do gach ábhar a chur i gcrích. Áirítear freisin téacsanna breise riachtanacha ar nós úrscéalta agus drámaí don Bhéarla agus nuair is gá leabhair iarpháipéir scrúdaithe. Ba chóir do scoileanna a chinneadh an bhfuil sé níos praiticiúla nó níos éifeachtaí ó thaobh costais de scrúdpháipéir a phriontáil nó a fhótachóipeáil, atá ar fáil ó shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, nó iad a cheannach.

Ní iarrfar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí scoláirí leabhair scoile a cheannach ná ranníocaíocht a dhéanamh leis an scoil i dtreo chostas na leabhar.

### 4.2.2 Leabhair scoile do scoláirí na hIdirbhliana

Is clár roghnach bliana í an Idirbhliain (IB) atá ar fáil do gach iar-bhunscoil. Tá an clár á thairiscint faoi láthair ag beagnach gach iar-bhunscoil dá scoláirí.

Tá neamhspleáchas agus solúbthacht ag scoileanna chun a gclár Idirbhliana a dhearadh laistigh de pharaiméadair Ráiteas Chlár na hIdirbhliana arna fhoilsiú ag an CNCM. Faoi Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile, is féidir le scoileanna nithe agus acmhainní a sholáthar do scoláirí IB a thacaíonn le teagasc agus foghlaim faoi cheithre ghné an churaclaim agus faoi cheithre ghné na scoláirí.

Baineann sé seo le costais a d'íoc tuismitheoirí/caomhnóirí de ghnáth maidir le nithe a cuireadh ar fáil do scoláirí. Ní chuimsíonn nó ní chlúdaíonn maoiniú Scéim na Leabhar Iar-Bhunscoile costais a bhaineann le turais scoile nó comhdhálacha (m.sh. Eolaí Óg, Nuálaithe Sóisialta Óga, Clár Fiontraíochta Scoláirí srl.)

Níor chóir go n-iarrfaí ar thuismitheoirí scoláirí na hIdirbhliana ranníocaíocht nó íocaíocht a sholáthar i leith:

1. Leabhair Scoile
2. Leabhair Saothair
3. Cóipleabhair
4. Punann/rPhunann Foghlama

### 4.2.3 Leabhair scoile do scoláirí na Sraithe Sinsearaí:

Cuirfidh an scéim leabhair scoile saor in aisce ar fáil do gach scoláire i mblianta na Sraithe Sinsearaí in iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais. Cuirfear deireadh leis an gcostas a bhaineann leis na nithe seo do thuismitheoirí/chaomhnóirí daoine óga atá cláraithe sna blianta sin.

Mar atá leagtha amach thuas, cuimsíonn an téarma 'leabhair scoile' gach téacsleabhar ábhartha, lena n-áirítear ríomhleabhair, agus leabhair oibre atá riachtanach chun an curaclam do gach ábhar a chur i gcrích. Áirítear freisin téacsanna breise riachtanacha ar nós úrscéalta agus drámaí don Bhéarla.

Ba chóir do scoileanna a chinneadh an bhfuil sé níos praiticiúla nó níos éifeachtaí ó thaobh costais de scrúdpháipéir a phriontáil nó a fhótachóipeáil, atá ar fáil ó shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, nó iad a cheannach.

Ní iarrfar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí scoláirí na Sraithe Sinsearaí leabhair scoile a cheannach ná ranníocaíocht a dhéanamh leis an scoil i dtreo chostas na leabhar scoile.

Faoi Scéim na Leabhar Iar-Bhunscoile, níl aon dualgas ar scoileanna leabhair scoile, nó nithe gaolmhara eile, a bhaineann le hábhar a sholáthar do scoláirí na Sraithe Sinsearaí mura bhfuil an t-ábhar á sholáthar ag an scoil agus go bhfuil staidéar á dhéanamh ag an scoláire ar an ábhar go neamhspleách agus lasmuigh den scoil. I gcás ina bhfuil socrú áitiúil ann idir scoileanna chun ligean do scoláire staidéar a dhéanamh ar ábhar in iar-bhunscoil eile sa Scéim Saoroideachais seachas an scoil ina bhfuil siad cláraithe i rith an lae scoile, ba cheart don scoil ina bhfuil an scoláire cláraithe na hábhair a sholáthar. Déantar é seo ar an mbonn go bhfuil an maoiniú deontais per capita faoin scéim i leith an scoláire curtha ar fáil don scoil ina bhfuil siad cláraithe.

## 4.3 Acmhainní ranga

**4.3.1 Acmhainní lárnacha don seomra ranga:** Clúdóidh an scéim do 2025/26, na hacmhainní ranga lárnacha ar a laghad, lena n-áirítear ábhair ar nós cóipleabhair, leabhair nótaí crua-chúlra, dialanna scoile agus áireamháin, atá riachtanach do gach ábhar mar aon le nithe acmhainne a bhaineann go sonrach le hábhar ar nós cóipeanna saotharlainne d'ábhair eolaíochta nó foclóirí do theangacha.

Tá liosta mionsonraithe de na hacmhainní seomra ranga a bhfuil costais curtha ar fáil ina leith faoin scéim in **Aguisín 1**. Is iad seo na nithe, ar a laghad, nach mór do scoileanna a sholáthar.

**4.3.2 Acmhainní ranga breise:** In aon bhliain ar leith, beidh riachtanais éagsúla ag iar-bhunscoileanna faoin scéim, ag cur san áireamh leabhair scoile atá sa stoc cheana féin, an gá atá ann leabhair scoile a nuashonrú nó a athsholáthar agus riachtanais scoileanna maidir le húsáid acmhainní ranga. Nuair éiríonn le scoileanna na leabhair scoile agus na hábhair lárnacha a sholáthar, féadfar aon bharrachas ón maoiniú a úsáid chun acmhainní ranga breise a sholáthar. Ba cheart go mbeadh an caiteachas faoi acmhainní ranga breise teoranta do chaiteachas a bhí, suas go dtí tús na scéime, á íoc ag tuismitheoirí/caomhnóirí, trí an rud sin a sholáthar nó trí tháille a íoc leis an scoil chun an rud a sholáthar.

Tá an rogha ag scoileanna acmhainní ranga breise a chur ar fáil nuair a cheadaíonn maoiniú.

Clúdaíonn acmhainní ranga breise acmhainní a úsáidtear in ábhair a bhfuil gné phraiticiúil ag baint leo. Go bunúsach, is éard atá in acmhainní ranga breise ábhair tacaíochta d'aon ábhar nó gearrchúrsa atá de dhíth ar scoláirí chun tionscadail agus gnéithe praiticiúla den churaclam a chur i gcrích, lasmuigh de leabhair scoile agus acmhainní lárnacha ranga.

Ní áirítear le hacmhainní breise ranga aon nithe a chuirtear ar fáil faoi láthair in iar-bhunscoileanna trí shruthanna maoinithe atá ann cheana féin, ón Roinn Oideachais nó ó ranna agus gníomhaireachtaí eile (m.sh. deontas TFC, Deontas Teicneolaíochta Cuidithe). Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi na rudaí atá le ceannach faoi acmhainní breise ranga agus nuair a cheadaíonn maoiniú barrachais é, iarrtar ar scoileanna smaoineamh ar earraí a sholáthar thar raon ábhar éagsúil.

## 4.4 Scoláirí atá ag tosú sa dara, tríú nó sa séú/ATF2 bliain sa scoilbhliain 2025/26

Ba cheart go mbeadh, cheana féin, formhór na leabhar scoile riachtanach agus roinnt acmhainní ranga gaolmhara ag scoláirí atá ag tosú sa dara, sa tríú agus sa séú/ATF2 bliain sa scoilbhliain 2025/26 mar beidh siad seo ceannaithe nó curtha ar fáil cheana féin.

Faoin scéim nua seo, áfach, ní mór d'iar-bhunscoileanna aon leabhair scoile breise agus acmhainní ranga gaolmhara a sholáthar atá de dhíth ar scoláirí atá ag tosú sa dara, tríú nó séú/ATF2 bliain sa scoilbhliain 2025/26.

**Agus iad ag pleanáil agus ag buiséadú gach bliain, ní mór do scoileanna tosaíocht a thabhairt do chostais na leabhar scoile agus na n-acmhainní lárnacha atá de dhíth ar gach scoláire i ngach bliain sula ndéantar machnamh ar chaiteachas i réimsí eile mar acmhainní breise nó clúdach leabhar agus lipéadú.**

## 4.5 Ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna

Tuigeann an roinn, i gcúinsí áirithe, nach féidir le scoláirí atá cláraithe i ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna príomhshrutha leabhair scoile nó acmhainní ranga a úsáid mar atá liostaithe in **Aguisín 1**.

B'fhéidir go mbeidh gá le raon níos leithne leabhar scoile agus acmhainní sna suíomhanna seo chun freastal ar riachtanais oideachais na scoláirí, lena n-áirítear gá le closleagan de leabhar scoile a chur ar fáil taobh le taobh le téacsleagan den leabhar scoile ionas go mbeidh deis ag scoláirí curaclam níos oiriúnaithe don scoláire aonair a rochtain.

Is í príomhaidhm Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile deireadh a chur leis na costais do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhaineann le leabhair scoile agus acmhainní ábhartha. Nuair éiríonn le scoileanna é seo a dhéanamh do scoláirí i ranganna speisialta, féadfar aon bharrachas ón maoiniú deontais leabhar a úsáid chun acmhainní ranga gaolmhara a sholáthar. Is iad na scoileanna a bhfuil ranganna speisialta á fheidhmiú acu is fearr a thuigeann conas acmhainní ranga gaolmhara atá de dhíth a shainaithint dá suíomh aonair chun freastal ar riachtanais foghlama a scoláirí.

## 4.6 Acmhainní agus ábhair múinteoir-ghinte

Tuigtear go bhfuil roinnt iar-bhunscoileanna tar éis bogadh, le blianta beaga anuas, ó úsáid leabhar scoile, ríomhleabhair san áireamh. Tá a stór acmhainní féin cruthaithe ag múinteoirí sna scoileanna seo do scoláirí. Is trí ghléas digiteach go príomha a éiríonn leis na scoláirí na hacmhainní seo a rochtain. D'fhéadfadh líon beag leabhar scoile a bheith ag teastáil ó na scoileanna sin gach bliain, ar nós drámaí agus úrscéalta Béarla.

Nuair a bheidh costas na leabhar scoile agus na n-acmhainní ranga go léir clúdaithe ag scoileanna a úsáideann acmhainní agus ábhar múinteoir-ghinte mar atá sonraithe sna codanna roimh ré de na treoirlínte seo, féadfar an maoiniú a úsáid chun acmhainní eile a chlúdach a bhaineann le hacmhainní múinteoir-ghinte, ar nós aipeanna oideachais a cheannach nó síntiús a íoc ina leith. Má bhíonn barrachas

suntasach maoinithe fós ann, féadfaidh an scoil an maoiniú a úsáid chun éascú a dhéanamh ar ghléasanna digiteacha ar iasacht a sholáthar do scoláirí, de réir mar is gá. Fanann aon ghléasanna digiteacha a chuireann an scoil ar fáil faoi úinéireacht na scoile agus ní mór iad a bhailiú ó scoláirí ag deireadh na scoilbhliana.

D'fhéadfaí iarraidh ar scoileanna atá ag brath go hiomlán nó go príomha ar acmhainní múinteoir-threoraithe sonraí faoi chur i bhfeidhm a scéime a chur ar fáil don Roinn.

Aithnítear freisin go bhfuil roinnt múinteoirí, in ábhair áirithe, i scoileanna áirithe, a chruthaíonn a n-acmhainní féin agus tá meascán dá réir de leabhair scoile agus teagasc gléas-bhunaithe ag scoileanna dá leithéid. Mar a leagtar amach thuas, nuair a bhíonn deireadh curtha ag scoileanna a úsáideann acmhainní múinteoirí-ghinte le costas na leabhar scoile agus na n-acmhainní ranga go léir a theastaíonn mar atá sonraithe sna codanna roimhe seo den treoir seo, féadfaidh siad an maoiniú a úsáid chun costais eile a bhaineann le hacmhainní a chruthaíonn múinteoirí a chlúdach, ar nós aipeanna oideachais a cheannach nó liostáil leo.

Má bhíonn aon cheist ag scoileanna, a úsáideann acmhainní múinteoir-ghinte, faoin gcaoi inar féidir an maoiniú a chur i bhfeidhm is féidir leo teagmháil a dhéanamh le postprimaryschoolbooks@education.gov.ie.

## 4.7 Maoiniú barrachais

Tar éis costais na leabhar scoile agus na hacmhainní ranga lárnacha agus breise, mar atá leagtha amach sa treoir a ghlanadh do gach scoláire cláraithe, tá na roghanna seo a leanas ann do scoileanna maidir le barrachas an mhaoinithe.

Is féidir:

- an maoiniú a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad scoilbhliain eile
- an maoiniú barrachais ó Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile a úsáid chun na costais iasachta a ghlanadh má tá scéim cíosa leabhar tugtha isteach ag iar-bhunscoileanna le déanaí agus iasacht faighte chun freastal ar na costais tosaigh
- an maoiniú a úsáid chun acmhainní ranga breise nach bhfuil liostaithe in Aguisín 1 a cheannach faoi réir na dtrí chritéar seo a leanas. 1) ní mór an acmhainn a úsáid chun críche na curaclaim ábhartha a sheachadadh, 2) ní féidir an acmhainn a bheith cheadaithe faoi shruthanna maoinithe eile 3) bheadh costas na hacmhainne curtha ar fáil roimhe seo nó de ghnáth ag tuismitheoirí/caomhnóirí.

Ní féidir maoiniú faoin scéim seo a úsáid chun críocha seachas na cinn a leagtar amach sa treoir seo.

Féadfaidh iar-bhunscoileanna a bhfuil deontas leabhar nár acu caitheadh ó bhlianta roimh scoilbhliain 2025/26 an maoiniú barrachais seo a úsáid le haghaidh aon cheann de bhlianta na Sraithe Sóisearaí nó na Sraithe Sinsearaí, an Idirbhliain san áireamh.

Ba chóir do scoileanna an gá atá le leabhair scoile nua agus/nó breise a sholáthar, a athsholáthar nó a cheannach sa scoilbhliain 2025/26 agus sna scoilbhlianta ina dhiaidh sin a mheas nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu ar an gcaoi ina ndéanfar aon mhaoiniú barrachais a úsáid. D’fhéadfadh sé seo tarlú nuair is mian le scoil ábhar a chuirtear ar fáil a athrú nó ábhar breise a thabhairt isteach nó sraitheanna iomlána leabhar scoile in ábhair áirithe a athsholáthar.

# 5. Socruithe maoinithe

## 5.1 Leithdháileadh do scoileanna

Tá na rátaí per capita do gach clár in iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais liostaithe thíos.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil sé de rogha ag scoileanna maoiniú a dháileadh ar fud na gclár faoi seach de réir mar is gá agus sainriachtanais na scoile á gcur san áireamh.

| Clár | Ráta per capita 2025/26 (€) |
|---|---|
| An tSraith Shóisearach | €309 |
| An Idirbhliain | €142 |
| An tSraith Shinsearach (ATF1/2 san áireamh) | €295 |

Tabhair faoi deara go mbaineann an ráta seo leis an scoilbhliain 2025/26 amháin.

## 5.2 Íocaíocht an deontais

Tá sé beartaithe go n-íocfar an deontas leabhar don Scéim Leabhair Iar-bhunscoile le scoileanna tráth nach déanaí ná mí an Mhárta 2025 ionas go mbeidh an maoiniú riachtanach ag scoileanna chun an scéim a chur i bhfeidhm roimh thús na scoilbhliana 2025/26.

Déanfar an deontas a ríomh bunaithe ar fhigiúirí cláraithe bailíochtaithe do Mheán Fómhair 2024.

<table>
<tr><th colspan="2">Sampla oibrithe ar mhaoiniú a sholáthrófar faoin Scéim Leabhair Iar-bhunscoile 2025/26</th></tr>
<tr><td colspan="2">An 30 Meán Fómhair 2024 bhí na rolluithe seo ag Scoil A:</td></tr>
<tr><td>Sraith Shóisearach<br>• 112 scoláire sa chéad bhliain,<br>• 132 scoláire sa dara bliain agus<br>• 128 scoláire sa tríú bliain</td><td>Sraith Shinsearach<br>• 85 scoláire san idirbhliain<br>• 138 scoláire sa chúigiú/séú bliain<br>• 40 scoláire in ATF1/2</td></tr>
<tr><td colspan="2">Is é an deontas iomlán a íocfar leis an scoil seo san earrach 2025 don scoilbhliain 2025/26 maidir le 635 scoláire ná €179,528.</td></tr>
</table>

## 5.3 Iar-bhunscoileanna faoi phátrúnacht na mbord oideachais agus oiliúna (BOOanna)

Eiseofar deontais leabhar go díreach chuig an BOO ábhartha a dháilfidh an maoiniú ar na scoileanna sin faoina sainchúram trína bpróisis bhunaithe riaracháin maoinithe.

## 5.4 Scoileanna atá i mbun forbartha

Tuigeann an roinn go bhfuil roinnt iar-bhunscoileanna ar leith i mbun forbartha. Chun críocha Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile do 2025/26 is scoil ís éard atá i scoil atá i mbun forbartha ná:

1. scoil a d'oscail as an nua ó Mheán Fómhar 2020, agus
2. scoil a bhfuil méadú suntasach tagtha ar a rollú gach bliain.

Coinníonn an Roinn Oideachais liosta de na scoileanna atá ag forbairt chun críche an deontais seo agus beifear i dteagmháil leis na scoileanna cuí. Íocfar an deontas leabhar tosaigh le gach iar-bhunscoil a bhfuil stádas scoile i mbun forbartha acu i mí Márta 2025, ag an am céanna a fhaigheann gach scoil eile íocaíocht an deontais, agus déanfar é seo a ríomh bunaithe ar rollú bailíochtaithe Mheán Fómhair 2024.

Nuair a chuireann scoileanna atá i mbun forbartha sonraí rollaithe réamh-mheasta Meán Fómhair 2025 ar fáil don roinn, agus nuair a léiríonn an réamh-mheastachán rollaithe seo méadú ó rollú bailíochtaithe Mheán Fómhair 2024, eiseofar íocaíocht deontais leabhar "breise". Má bhíonn rolluithe bailíochtaithe Mheán Fómhair 2025 níos lú ná rolluithe réamh-mheasta Mheán Fómhair 2025, beidh ar scoileanna atá i mbun forbartha an deontas barrachais a thabhairt ar ais don roinn. I gcás mar sin ba chóir ríomhphost a sheoladh chuig postprimaryschoolbooks@education.gov.ie chun treoracha agus sonraí bainc a fháil chun an aisíocaíocht a dhéanamh.

| **Sampla oibrithe do mhaoiniú breise atá le cur ar fáil do scoil atá i mbun forbartha do Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile2025/26** |
| --- |
| Mar shampla, tá 350 scoláire cláraithe ag scoil a bhfuil stádas scoile forbartha aici ar 30 Meán Fómhair 2024. Eiseofar an deontas leabhar i mí Feabhra 2025 i leith 350 scoláire. Tá réamh-mheastachán 380 scoláire ag an scoil do Mheán Fómhair 2025. Eiseofar deontas breise leabhar do 30 scoláire. |

## 5.5 Cúinsí eisceachtúla

Ar nós go leor deontas, is é struchtúr íocaíochta an deontais go n-íoctar an maoiniú le scoileanna roimh an scoilbhliain atá le teacht (2025/26) agus mar sin tá sé bunaithe ar fhigiúirí rollaithe bailíochtaithe an Mheáin Fómhair roimh ré, ó Mheán Fómhair 2024.

Déanfar aon mhéadú nó laghdú ar fhigiúirí rollaithe ón mbliain roimhe a ghabháil i maoiniú deontais na bliana dar gcionn. Tá sé tábhachtach a chinntiú, dá réir sin, go gcuirtear maoiniú ar fáil do gach scoláire ar feadh ré iomlán a gcláraithe sa scoil.

Cé nach ngabhtar scoláirí a chláraíonn sa chéad bhliain sa scoilbhliain 2025/26 le haghaidh deontas Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile in aisce in 2025/26 (toisc go bhfuil sé bunaithe ar rollú bailíochtaithe ar 30 Meán Fómhair 2024) déantar iad a chomhaireamh do dheontas Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile don scoilbhliain tar éis dóibh an iar-bhunscoil a fhágáil/chríochnú.

Beifear ag súil go nglacfaidh scoileanna, don chuid is mó, an costas a bhaineann le rolluithe breise a tharlaíonn laistigh de na gnáth-athruithe a tharlaíonn le linn aon bhliain ar leith i ngach scoil. Ní bhfaighidh scoileanna maoiniú breise d'aon mhéadú ar rolluithe a d'fhéadfaí a bheith mar chuid de ghnáth oibriú na scoile. Dá bhrí sin, ní iarrfar ar scoileanna a dtarlaíonn laghdú ar líon a gclárúchán ón Meán Fómhair roimhe seo, aon mhaoiniú deontais barrachais a aisíoc (seachas scoileanna atá i mbun forbartha: féach cuid 5.4). Déanfar an maoiniú a chothromú, mar a leagtar amach thuas, agus tabharfar cuntas air bliain ar bhliain.

I gcúinsí áirithe agus teoranta, áfach, nuair a chláraíonn scoil líon mór scoláirí nua tar éis 30 Meán Fómhair 2024 agus nár leithdháileadh maoiniú ar dtús ina raibh na scoláirí seo san áireamh, féadfaidh an scoil teagmháil a dhéanamh leis an roinn chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise. Mar riail ghinearálta, ní dhéanfaidh an roinn íocaíocht bhreise ach i gcásanna ina bhfuil líon na scoláirí nua rollaithe tar éis 30 Meán Fómhair cothrom le nó níos mó ná 10% d'fhigiúr rollaithe an 30 Meán Fómhair nó níos mó ná 15 scoláire, agus sa chás nach bhfuil dóthain maoinithe ag an scoil ó Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile chun freastal ar na costais bhreise. Íocfar aon mhaoiniú breise a cheadófar ag an ráta a oireann don timthriall/bliain lena mbaineann na rolluithe breise.

Ba chóir do scoil ar mian léi iarratas a dhéanamh do mhaoiniú breise faoi "chúinsí eisceachtúla" ríomhphost a chur chuig postprimaryschoolbooks@education.gov.ie ina leagtar amach na sonraí a bhaineann leis na rolluithe breise.

Déanfar iarratais dá leithéid a mheas ar bhonn cás ar chás.

## 5.6 Deontas Tacaíochta Riaracháin

Don scoilbhliain 2024/25 íocadh deontas tacaíochta riaracháin d'iar-bhunscoileanna bunaithe ar mhéid rollú na Sraithe Sóisearaí sa scoil. Cuireadh é seo ar fáil chun cabhrú le haon obair bhreise a theastaíonn ag leibhéal na scoile chun an scéim a chur i bhfeidhm.

### 5.6.1 Struchtúr an Deontais Tacaíochta Riaracháin do 2025/26

Gheobhaidh scoileanna íocaíocht Deontas Tacaíochta Riaracháin (DTR/ASG) in 2025. Tar éis rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara, mhéadaigh an roinn leibhéal an deontais tacaíochta riaracháin lena chinntiú go dtugtar dóthain tacaíochta do scoileanna san obair atá riachtanach chun an scéim a chur i bhfeidhm don scoilbhliain 2025/26.

Cé nach bhfaighidh scoileanna ach íocaíocht amháin, tá an Deontas Tacaíochta Riaracháin (DTR) ina dhá chuid (laethanta lárnacha riaracháin agus laethanta tacaíochta forlíontacha).

### 5.6.2 Laethanta Riaracháin Lárnacha

Déanfar na laethanta riaracháin lárnacha a leithdháileadh bunaithe ar dhá phríomhthoisc:

- an earnáil scoile lena mbaineann an scoil, agus,
- líon iomlán na gclárúchán ar an 30 Meán Fómhair 2024.

Cuirfidh an DTR lárnach tacaíocht ar fáil do scoileanna faoi na codanna seo:

- Obair riaracháin agus soláthair lárnach lena n-áirítear pleanáil, ordú agus lóistíocht
- Lá amháin breise le haghaidh oiliúna ar an gcóras ceannaigh dinimiciúil (CCD) (Scoileanna Deonacha, Pobail agus Cuimsitheacha amháin)
- Sé lá breise le haghaidh obair soláthair agus riaracháin – (scoileanna Deonacha, Pobail agus Cuimsitheacha amháin)
- Lá amháin breise d'oiliúint láimhsiú (gach scoil)

San earnáil BOO tá creat BOO láraithe chun leabhair scoile a cheannach. Déanann gach BOO an soláthar go lárnach. Mar sin, ní thabharfar laethanta tacaíochta riaracháin breise do scoileanna BOO le haghaidh obair soláthair agus oiliúna ar úsáid an Chórais Ceannaigh Dinimiceach.

D'fhéadfadh gur ball d'fhoireann na scoile/BOO cheana féin, mar shampla: an príomhoide/leas-phríomhoide, múinteoir, cúntóir riachtanas speisialta (CRS), rúnaí

na scoile, duine a mheasann bainistíocht/BOO na scoile a bheith oiriúnach chun an ról seo a chomhlíonadh go héifeachtach é an duine/na daoine a íoctar as an obair seo. Tuigtear go bhfuil post sealbhóir poist ceaptha cheana féin ag roinnt iar-bhunscoileanna do bhall foirne chun críche scéim leabhar cíosa a oibriú. Féadfar, más cuí, an deontas tacaíochta breise seo a íoc leis an sealbhóir poist atá ann faoi láthair as obair bhreise a dhéantar chun an scéim nua a riar, nó féadfar é a íoc le duine nó daoine eile mar atá leagtha amach thuas. Ní féidir aon am breise ranga a thabhairt don ról seo, lasmuigh den am atá tugtha cheana féin do shealbhóirí poist.

Is faoi rogha na scoileanna cinneadh a dhéanamh maidir leis na dualgais agus an t-am a theastaíonn ar aon lá ar leith chun an scéim a riaradh.

### Ráta íocaíochta le haghaidh Laethanta Lárnacha Riaracháin 2025/26

Féadfar na laethanta lárnacha riaracháin a úsáid chun duine a fhostú chun obair ar feadh líon ar leith laethanta roimh, nó i rith na scoilbhliana 2025/26 chun obair riaracháin a dhéanamh ar an scéim. Is é an ráta laethúil atá ceadaithe ag an roinn don obair seo ná €167.54, pá saoire san áireamh. Cuirfidh an roinn 11.15% breise ar fáil chun costas ÁSPC an fhostóra a chlúdach. Ní mór don scoil an íocaíocht a phróiseáil mar a dhéanfaí íocaíocht aon duine atá i mbun oibre don scoil nó sa scoil.

Cé go bhfuil an ráta bunaithe ar ráta laethúil, tá saoirse ag scoileanna an líon coibhéiseach uaireanta a úsáid le linn na scoilbhliana de réir mar a mheastar is oiriúnaí do na riachtanais atá acu.

### Dualgais

Is iad bainistíocht na scoile a chinnfidh dualgais ar leith na ndaoine a íoctar ar na laethanta lárnacha riaracháin ach d’fhéadfadh go n-áireofaí leis seo soláthar agus acmhainní ranga, seiceáil a dhéanamh ar sheachadadh orduithe ó shiopaí agus sholáthraithe leabhar scoile, ullmhú agus ag rianú sraitheanna leabhair scoile agus acmhainní ranga do ranganna/scoláirí aonair, teagmháil le siopaí leabhar scoile agus soláthraithe agus múinteoirí ábhair, dáileadh na leabhar scoile agus na n-acmhainní ranga a eagrú agus maoirseacht ar dhaoine atá fostaithe faoi laethanta tacaíochta forlíontacha.

## 5.6.3 Laethanta Forlíontacha Riaracháin

Glacann an roinn leis go raibh tacaíocht bhreise de dhíth ar go leor scoileanna in 2024 chun an scéim a chur i bhfeidhm agus gur minic a sholáthraigh na scoláirí scoile an tacaíocht seo. Tá an DTR feabhsaithe tuilleadh chun laethanta tacaíochta breise a sholáthar chun scoláirí/daoine eile a fhostú chun cabhrú le cur i bhfeidhm na

scéime sa scoil, lena n-áirítear pacaí leabhar scoile agus acmhainní a eagrú do scoláirí aonair agus cabhrú leis na laethanta ina mbaileofar leabhair scoile i scoileanna. Leithdháiltear na laethanta tacaíochta breise seo bunaithe ar mhéid na scoile de réir na rolluithe bailíochtaithe iomlána i Meán Fómhair 2024.

### Ráta íocaíochta le haghaidh Laethanta Forlíontacha Riaracháin 2025/26

Is féidir na laethanta tacaíochta breise a úsáid chun scoláirí/daoine eile a fhostú chun cabhrú leis an scoil an scéim a chur i bhfeidhm. Íocfar an t-íosphá reatha a oireann dá n-aois do scoláirí/do dhaoine eile. Leithdháilfear maoiniú de €13.50 in aghaidh na huaire ar scoileanna. Chun críocha ríomh an deontais do laethanta tacaíochta forlíontacha, glactar leis gurb ionann lá agus 7 n-uaire an chloig. Cuirfidh an roinn 8% breise ar fáil chun costas pá saoire a chlúdach agus 11.15% breise ar fáil chun costas ÁSPC an fhostóra a chlúdach.

### Dualgais

Is iad bainistíocht na scoile a chinnfidh dualgais ar leith na ndaoine a íoctar as na Laethanta Forlíontacha Riaracháin ach d’fhéadfadh go n-áireofaí leis seo obair i rith an tsamhraidh ar nós leabhair scoile agus acmhainní ranga a shórtáil ina bpacáistí aonair do scoláirí agus cabhrú le scoileanna ar na laethanta a bhaileofar na leabhair scoile.

Tá na táblaí leithdháilte leagtha amach i mír 5.6.4 thíos.

In **Aguisín 3** tá liosta de roinnt de na príomhthascanna a bhaineann le cur i bhfeidhm na scéime ag leibhéal na scoile. Ní liosta uileghabhálach é seo agus ní hionann é ó scoil go scoil.

I gcás nach gá d’iar-bhunscoil duine nó daoine a íoc as tacaíocht riaracháin bhreise chun an scéim nua a chur i bhfeidhm, féadfaidh an scoil an Deontas Tacaíochta Riaracháin a úsáid chun críocha riaracháin eile a bhaineann le Scéim na Leabhar Iar-Bhunscoile, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta. chun córas rianaithe/barrachóid a cheannach nó chun leabhair scoile a chlúdach.

## 5.6.4 Leithdháiltí Deontais Tacaíochta Riaracháin 2025/26

Tá líon na laethanta a leithdháiltear bunaithe ar an líon rollaithe an 30 Meán Fómhair 2024.

| Meánscoileanna Deonacha, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha 2025/26 | | | |
|---|---|---|---|
| Méid na scoil<br><br>(Rollú scoláirí Meán Fómhair 2024) | Laethanta lárnacha riaracháin | Tacaíocht fhorlíontach (scoláirí/daoine eile) | Líon iomlán Laethanta |
| 0 – 300 | 18 | 10 | 28 |
| 301 – 600 | 21 | 15 | 36 |
| 601 – 1000 | 24 | 20 | 44 |
| 1001 – 1600 | 26 | 25 | 51 |

**Tábla 1.** Leithdháiltí deontais tacaíochta riaracháin do Mheánscoileanna Deonacha, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha do 2025/26.

| Boird Oideachais agus Oiliúna 2025/26 | | | |
|---|---|---|---|
| Méid na scoil<br><br>(Rollú scoláirí Meán Fómhair 2024) | Laethanta lárnacha riaracháin | Tacaíocht fhorlíontach (scoláirí/daoine eile) | Líon iomlán Laethanta |
| 0 – 300 | 11 | 10 | 21 |
| 301 – 600 | 14 | 15 | 29 |
| 601 – 1000 | 17 | 20 | 37 |
| 1001 – 1600 | 19 | 25 | 44 |

**Table 2.** Leithdháiltí deontais tacaíochta riaracháin do Bhoird Oideachais agus Oiliúna do 2025/26.

Déanfar athbhreithniú ar oibriú agus ar riachtanas an Deontais Tacaíochta Riaracháin mar chuid de mheastóireacht leanúnach na scéime.

Maidir le scoileanna atá i mbun forbartha, déanfar an deontas le haghaidh tacaíochta riaracháin a ríomh bunaithe ar na figiúir rollaithe réamh-mheasta do Mheán Fómhair 2025.

Íocfar an Deontas Tacaíochta Riaracháin ar leithligh ón deontas leabhar scoile agus eiseofar é chuig iar-bunscoileanna roimh dheireadh mhí Aibreáin.

# 6. Riar na scéime

## 6.1 Príomhphrionsabail

Beidh an bord bainistíochta/BOO freagrach as a chinntiú go ndéantar an scéim a riar go héifeachtach laistigh de na príomhphrionsabail seo a leanas:

- Roghnófar leabhair scoile agus acmhainní ranga gaolmhara chun tacú le cur i bhfeidhm an teagaisc agus na foghlama sa scoil agus chun curaclam na hiar-bhunscoile a sholáthar do scoláirí.
- Coimeádfaidh gach scoil úinéireacht ar na leabhair scoile. Cé go bhfanann leabhair scoile faoi úinéireacht na scoile, ba chóir go gceadófaí do scoláirí leabhair scoile a thabhairt abhaile chun obair bhaile a dhéanamh nó chun ligean do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheith i dteagmháil le foghlaim a scoláire ar scoil.
- Beidh fáil ag gach scoláire ar leabhair scoile agus ar acmhainní ábhartha atá ar fáil ón scéim seo.
- Ní bheidh aon táille á éileamh ó thuismitheoirí/chaomhnóirí ar leabhair scoile agus ar acmhainní lárnacha ranga.
- Ní iarrfar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí leabhair scoile agus acmhainní ranga lárnacha gaolmhara a cheannach atá á soláthar faoin scéim seo.

## 6.2 Roghnú leabhair scoile

Beidh neamhspleáchas i gcónaí ag iar-bhunscoileanna leabhair scoile agus acmhainní ranga gaolmhara a roghnú a chomhlíonann riachtanais an churaclaim. I gcás ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna, tá uathriail acu acmhainní a roghnú a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama na scoláirí.

Ba chóir go mbreithneofaí i mbeartas scoile maidir le roghnú leabhar scoile an gá atá le leabhair scoile agus/nó leabhair shaothair, na critéir a úsáidtear chun leabhair scoile a roghnú agus tiomantas do leabhar scoile a choinneáil ar liosta na leabhar scoile ar feadh tréimhse sonraithe ama.

## 6.3 Gléasanna digiteacha

Féadfaidh scoileanna maoiniú a úsáid chun tacú le meáin dhigiteacha bainteach le teagasc agus foghlaim laistigh de riachtanais churaclaim.

Is faoi bhord bainistíochta/BOO gach scoile iad cinntí a dhéanamh maidir le húsáid na teicneolaíochta digití i scoileanna, ar nós ríomhleabhair/ríomh-théacsleabhair. Moltar do scoileanna dul i gcomhairle le baill de phobal na scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí/caomhnóirí, nuair a bhíonn siad ag pleanáil do thabhairt isteach na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na himpleachtaí costais agus eile a bhreithniú go hiomlán

Is féidir teacht ar acmhainní digiteacha agus ar chomhairle faoi úsáid na meán digiteach agus foghlaim ghairmiúil a bhaineann leis seo ag: https://www.scoilnet.ie/ga/iar-bhunscoil/; https://oide.ie/ga/ agus https://www.webwise.ie/ga/.

I gcás iar-bhunscoileanna a úsáideann acmhainní agus ábhar múinteoir-ghinte, féadfaidh na scoileanna sin scéim a chur i bhfeidhm chun gléasanna digiteacha a chur ar fáil ar iasacht do scoláirí. Féach cuid 4.6 agus 4.7 thuas.

## 6.4 Acmhainní a thacaíonn le múineadh na Gaeilge

Cuireann An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), i gcomhar le foilsitheoirí oideachais éagsúla, leaganacha Gaeilge de go leor téacsleabhar (cóipeanna crua agus leaganacha digiteacha) ar fáil.

Ina theannta sin, cuireann COGG liosta cuimsitheach le chéile gach bliain a chuireann eolas cothrom le dáta ar fáil ar fhoilseacháin agus ar ábhair theagaisc a thacaíonn le múineadh na Gaeilge agus le teagasc ábhar eile trí mheán na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna.

Forbraíodh An Tairseach (nó *tairseach acmhainní ar líne*) de chuid COGG ag baint úsáide as acmhainní digiteacha ó mhúinteoirí atá ag cleachtadh agus déanfar acmhainní nuafhorbartha ar bhonn leanúnach a áireamh ann. Is féidir le húsáideoirí cuntas a chruthú agus rochtain a fháil ar 1,600 acmhainn thar go leor ábhar trí logáil isteach ar www.cogg.ie.

Eagraíonn COGG seimineáir ghréasáin, ceardlanna agus taispeántais go rialta freisin chun múinteoirí a chur ar an eolas faoin ábhar atá ar fáil do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Féadfaidh an t-eolas seo a bheith an-luachmhar nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh maidir le leabhair scoile féideartha d’ábhair/do ghrúpaí ranga aonair.

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, tá roinnt téacsanna leagtha síos do Bhéarla agus Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí. Is faoin scoil féin a bheidh

an cinneadh maidir leis an téacs ar leith a úsáidfear. Is féidir leo cibé téacs is fearr a oireann do chomhthéacs a gcuid teagaisc a roghnú.

Tá tuilleadh eolais faoina bhfuil thuas ar fáil ag: www.cogg.ie.

## 6.5 Pleanáil go luath

Féadfaidh sé go leor ama a ghlacadh chun leabhair scoile agus acmhainní ranga a fháil agus do sholáthaithe chun orduithe a chomhlíonadh agus earraí a sheachadadh chuig scoileanna. Tá sé tábhachtach go gcinnfidh múinteoirí ábhair a luaithe agus is féidir na leabhair scoile agus na hacmhainní ranga atá de dhíth ar a scoláirí chun go leor ama a cheadú le haghaidh ordú agus seachadadh. Ba chóir don bhord bainistíochta/BOO agus do bhainistíocht na scoile a chinntiú go gcríochnaítear gach tasc praiticiúil a bhaineann le riaradh na Scéime na Leabhar Iar-bhunscoile in am do thús na scoilbhliana nua. Tá cuid de na príomhthascanna leagtha amach in **Aguisín 3.**

Is féidir leabhair scoile agus acmhainní ranga gaolmhara a stóráil i seomraí ranga nó in aon áit eile sa scoil a mheasann an scoil a bheith oiriúnach le linn an tsamhraidh.

## 6.6 Úinéireacht

**Is leis an scoil na leabhair scoile ar fad agus tugtar iad ar iasacht do scoláirí.** D’fhéadfadh gur leabhair scoile nua agus leabhair dara láimhe a bheadh iontu. Féadfaidh scoileanna dul i dteagmháil le tuismitheoirí daltaí atá ag críochnú gach bliain/timthriall féachaint an féidir leabhair scoile a fháil ar athláimhe chun costais a laghdú, cur amú a chosc agus a chinntiú go ndéantar níos mó leabhar scoile a athchúrsáil.

Beidh go leor leabhar scoile agus acmhainní a úsáidtear sa scéim iasachta seo in úsáid ag scoláire ar feadh trí bliana iomlána na Sraithe Sóisearaí. Ba chóir do scoileanna cinneadh a dhéanamh ar mian leo na leabhair scoile agus na hacmhainní go léir a bhailiú ag deireadh na scoilbhliana agus iad a athdháileadh in am do thús na scoilbhliana le teacht, nó na hábhair a fhágáil leis an scoláire agus a theaghlach do thréimhse trí scoilbhliana na Sraithe Sóisearaí (nuair a bhíonn na leabhair scoile á n-úsáid ar feadh níos mó ná bliain amháin).

Is féidir le scoileanna córas a cheapadh chun monatóireacht a dhéanamh ar mhíreanna mar chlibeanna ainm/barrachóid (nuair a úsáidtear iad) a chuirtear ar gach leabhar roimh ré. Ba chóir a chur i gcuimhne do scoláirí agus do

thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le leabhair scoile agus acmhainní cúram a cothabháil i rith na bliana. Níor chóir do scoileanna tosaíocht a thabhairt do bharrachódú nó lipéadú míreanna seachas na híosmhéid míreanna a sholáthar do gach dalta mar a leagtar amach i mír 4.2 agus in **Aguisín 1**.

Ag deireadh na scoilbhliana nó ag deireadh na Sraithe Sóisearaí/na Sraithe Sóisearaí, ba chóir leabhair scoile agus acmhainní (má bhaineann) a bhailiú agus a sheiceáil.

Cé go bhfanann leabhair scoile faoi úinéireacht na scoile, ba chóir go gceadófaí do scoláirí leabhair scoile a thabhairt abhaile chun obair bhaile a dhéanamh nó chun ligean do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheith i dteagmháil le foghlaim a scoláire ar scoil.

## 6.7 Éarlaisí

Féadfaidh scoileanna beartas a thabhairt isteach maidir le scéim na leabhar scoile. Ní mór beartas na scoileanna maidir le haire do leabhair scoile agus maidir le cailliúint nó damáiste leabhar scoile a fhorbairt i gcomhairle le tuismitheoirí agus le daltaí, agus ní mór é a bheith réasúnach agus comhréireach leis na costais a d’fhéadfadh a bheith ag baint le cailliúint nó damáiste leabhar scoile.

Is leis an scoil na leabhair scoile. Tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuirtear i gcuimhne do dhaltaí agus dá dteaghlach an ról ríthábhachtach atá acu maidir le hinbhuanaitheacht na scéime a chinntiú – ba cheart do thuismitheoirí a thuiscint gur gá do dhaltaí leabhair scoile, agus iad in ordú maith, a thabhairt ar ais don scoil de réir bheartas na scoile, cibé acu ag deireadh na bliana nó ag deireadh an chláir. Ba cheart do thuismitheoirí agus/nó do dhaltaí freagracht a ghlacadh freisin as a chinntiú go bhfuil clúdach buanfasach ar leabhair scoile le linn iad a bheith in úsáid ag an dalta.

Cé nach ceadmhach do scoileanna muirear a ghearradh ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí as na costais a bhaineann le leabhair scoile agus le príomhacmhainní seomra ranga, is ceadmhach do scoileanna éarlais in-aisíoctha a iarraidh, rud a thabharfar ar ais do thuismitheoirí/do dhaltaí nuair a thabharfar leabhair ar ais don scoil, agus bail in-athúsáidte orthu, de réir bheartas na scoile maidir le scéim na leabhar scoile. Is é atá i gceist leis sin daltaí agus tuismitheoirí a dhreasú aire a thabhairt do leabhair agus inbhuanaitheacht scéim na leabhar le himeacht ama a chinntiú.

Tá an éarlais sin teoranta do €50 ar a mhéad in aghaidh an dalta in aghaidh na bliana/an timthrialla. I ndáil le héarlaisí, iarrtar ar scoileanna freisin an líon daltaí in aghaidh an teaghlaigh a fhreastalaíonn ar an scoil a chur san áireamh.

I gcás nach gá leabhair scoile a athsholáthar, ba cheart aon éarlais a íocadh a thabhairt ar ais ina hiomláine do thuismitheoirí/do dhaltaí. Ba cheart do scoileanna gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt a chur san áireamh agus leabhair atá tugtha ar ais á measúnú acu chun aisíocaíocht éarlaise a eisiúint ina leith ag deireadh na bliana nó an chláir.

Cé gur ceadmhach do scoileanna éarlais a iarraidh ar thuismitheoirí chun an costas a bhaineann le leabhair scoile atá caillte agus damáistithe a athsholáthar a mhaolú, ní ceadmhach do scoileanna stop a chur le leabhair scoile agus príomhacmhainní seomra ranga a sholáthar d’aon dalta, ná bac a chur ar an méid sin, mar gheall ar mhainneachtain an éarlais sin nó muirir eile scoile a íoc, lena n-áirítear muirir i leith taisceadáin scoile, ranníocaíochtaí deonacha nó aon mhuirir eile a thoibhítear ar thuismitheoirí, ach gan a bheith teoranta dóibh.

## 6.8 Dramhaíl a laghdú

A mhéid is féidir, ba cheart do scoileanna gach iarracht a dhéanamh dramhaíl a laghdú faoin scéim. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh scoileanna cur chuige atá aireach ar chostais agus ar an gcomhshaol a ghlacadh i leith leabhair scoile agus acmhainní seomra ranga a roghnú.

Is iomaí bealach inar féidir le scoileanna déanamh amhlaidh.

Is ceadmhach leabhair scoile athláimhe a cheannach sa bhliain 2025 trí úsáid a bhaint as cistiú a sholáthraítear faoin scéim, mar shampla i scoileanna inar le daltaí sa séú bliain a bheidh ag imeacht sa scoilbhliain 2024/25 na leabhair scoile. Is féidir go mbeidh scoileanna ag iarraidh caidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le tuismitheoirí daltaí maidir le leabhair scoile athláimhe a cheannach nó a bhronnadh.

Agus acmhainní seomra ranga á gceannach, ba cheart do scoileanna breithniú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ag daltaí cheana féin. I mblianta eile seachas an chéad bhliain, is féidir nach mbeidh míreanna amhail áireamháin, táblaí logartam agus foclóirí nua ag teastáil ó gach dalta toisc gur féidir go mbeidh siad sin ina seilbh acu cheana féin.

Tá neamhspleáchas ag scoileanna faoin scéim seo go fóill agus téacsleabhair agus acmhainní á roghnú acu chun na hábhair éagsúla sa churaclam a sholáthar. Ba

cheart do scoileanna saolré leabhar scoile agus acmhainní eile a bhreithniú, agus aird ar leith á tabhairt ar leabhair scoile aon úsáide, amhail leabhair shaothair, a laghdú.

Moltar go mór go gcuirfí clúdach ar gach leabhar scoile. Is féidir go soláthróidh siopaí agus soláthraithe leabhar scoile seirbhís clúdach leabhar, nó is féidir go gcinnfidh scoil a seirbhís clúdach leabhar féin a sholáthar. Ní mór do scoileanna a chinntiú go ndéantar soláthar do chostas na míreanna íosta a theastaíonn do gach dalta sula leithdháilfear cistiú deontais ar an gcostas a bhaineann le leabhair scoile a chlúdach, a bharrachódú nó a lipéadú. Ba cheart do thuismitheoirí agus/nó do dhaltaí freagracht a ghlacadh as a chinntiú go bhfuil clúdach buanfasach ar leabhair scoile le linn iad a bheith in úsáid ag an dalta.

Ba cheart a chur i gcuimhne do thuismitheoirí gur leis an scoil leabhair scoile agus go bhfuiltear ag súil leis go dtabharfaidh daltaí aire mhaith dá leabhair scoile agus dá n-acmhainní seomra ranga agus go gcoinneoidh siad iad in ordú maith le linn na scoilbhliana nó an timthrialla. Is féidir é sin a dhéanamh mar chuid de Chód Iompraíochta na scoile.

## 6.9 Cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí

Ní mór d’iar-bhunscoileanna cumarsáid a dhéanamh chomh luath agus is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an scéim nua seo. Déantar é seo chun a chinntiú go bhfuil gach tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas go hiomlán faoin scéim nua agus nach dtabhaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí scoláirí aon chaiteachas neamhriachtanach idir seo agus tús na scoilbhliana 2025/26.

Níor cheart don chumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí **ach tagairt a dhéanamh do chostais faoin Scéim Leabhar Iar-bhunscoile**. Chun aon mhearbhall a sheachaint níor cheart go n-áireofaí sa chumarsáid tagairt d’aon táillí nó muirir eile a ghearrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí scoláirí, mar shampla, táillí ar thurais scoile nó ar ghníomhaíochtaí scoile. Áit a bhfuil siad ann, ba cheart táillí agus muirir eile a chlúdach i gcumarsáid ar leith ó scoileanna chuig tuismitheoirí/caomhnóirí.

Caithfear tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoi na hacmhainní ranga gaolmhara a chlúdaítear anois faoin scéim.

Murar féidir acmhainní ranga gaolmhara atá de dhíth a chlúdach faoin scéim caithfear a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí faoi na socruithe atá i bhfeidhm do sholáthar na n-earraí sin. Ba chóir do scoileanna liosta de na hearraí sonracha a chaithfidh siad a cheannach a sholáthar do thuismitheoirí/chaomhnóirí, nó eolas a sholáthar dóibh faoin táille a ghearrfaidh an scoil agus liosta de na hearraí a

sholáthróidh an scoil don táille sin. Tá dréacht-chumarsáid do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar fáil in **Aguisín 2.**

Ní mór a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí freisin faoi na socruithe atá i bhfeidhm chun leabhair scoile agus acmhainní ranga gaolmhara a dháileadh ar scoláirí.

# 7. Soláthar

Tá oibleagáidí ar scoileanna a eascraíonn as rialacha soláthair poiblí an AE agus náisiúnta araon agus iad ag foinsiú earraí agus seirbhísí.

Tá rochtain ag scoileanna ar na Treoirlínte um Sholáthar Poiblí maidir le hEarraí agus Seirbhísí arna bhfoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP). Cuireann na Treoirlínte seo dea-chleachtas agus comhsheasmhacht i bhfeidhm na rialacha soláthair phoiblí chun cinn maidir le ceannach earraí agus seirbhísí. Tá na treoirlínte ar fáil ag https://www.gov.ie/en/publication/c23f5-public-procurement-guidelines-for-goods-and-services/

Tá sé mar aidhm freisin ag an Oifig um Sholáthar Rialtais scéimeanna a chur chun cinn chun rannpháirtíocht Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM) i Soláthar Poiblí a éascú. Tagraíonn DPER Ciorclán 05/2023 do thionscnaimh chun cuidiú le FBManna i Soláthar Poiblí agus tugtar cuntas ar na scéimeanna a fhéadfaidh scoileanna a bhreithniú mar chuid dá bpróiseas soláthair. Is féidir é a rochtain anseo https://www.gov.ie/en/circular/9e7bf-circular-05-2023-initiatives-to-assist-smes-in-public-procurement/.

Is féidir le scoileanna Creat Soláthair Oifige na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) a úsáid le haghaidh riachtanais stáiseanóireachta lena n-áirítear acmhainní ranga. (https://buyerzone.gov.ie/ nó déan teagmháil leis an líne chabhrach ag support@ogp.gov.ie). Tá roinnt rudaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó scoileanna faoin scéim seo liostaithe ar an gcreat agus moltar do scoileanna úsáid a bhaint as seirbhísí an Chreata Soláthairtí Oifige a bhfuil sé mar aidhm aige luach ar airgead a bhaint amach ar na rudaí atá san áireamh sa chreat.

Tá tuilleadh faisnéise agus cúnaimh maidir le rochtain ar Chreat Soláthairtí Oifige an OGP mar aon le hachoimre ar thairseacha soláthair leagtha amach in **Aguisín 4**.

## 7.1 Córas Ceannaigh Dinimiciúil (CCD/DPS)

Tá Córas Ceannaigh Dinimiciúla forbartha ag an roinn i gcomhar leis an tSeirbhís Soláthair Oideachais agus an tAonad Soláthair Scoileanna chun cabhrú le Meánscoileanna Deonacha agus Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha a gcuid oibleagáidí soláthair poiblí a chomhlíonadh ó 2025 ar aghaidh. Seolfar an CCD i mí Márta 2025.

Sa tréimhse atá le teacht déanfaidh an roinn teagmháil le Meánscoileanna Deonacha agus Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha agus cuirfear acmhainní

agus tacaíochtaí saincheaptha ar fáil maidir leis an CCD. Beidh ar gach Meánscoil Dheonach agus Pobalscoil agus Scoil Chuimsitheach a bhfuil conarthaí leabhar scoile atá os cionn €50,000 (gan CBL san áireamh) san iomlán leabhair scoile a fháil tríd an CCD. Má tá luach iomlán an chonartha níos lú ná €50,000 (gan CBL san áireamh) spreagfar scoileanna chun an CCDa úsáid. Féach na sonraí breise atá ar fáil i gCuid 7.6 do chonarthaí atá níos lú ná €50,000.

## 7.2 An t-aonad um sholáthar do scoileanna

Is é an tAonad um Sholáthar do Scoileanna (SPU) an acmhainn tacaíochta lárnach chun treoir a sholáthar do gach bunscoil aitheanta, lena n-áirítear scoileanna speisialta, agus iar-bhunscoileanna (seachas scoileanna BOO) ar aon cheist a bhaineann le soláthar. Cuireann an SPU comhairle agus tacaíocht phraiticiúil in aisce ar fáil do scoileanna chun cabhrú leo a bpróiseas, a gcleachtais agus a dtorthaí soláthair a fheabhsú.

Déanfar eolas agus treoir tacaíochta maidir leis an CCD a óstáil ar shuíomh gréasáin Rannóg na Leabhar Scoile den Aonad um Sholáthar do Scoileanna www.spu.ie. Moltar do scoileanna tagairt a dhéanamh go rialta do shuíomh gréasáin an SPU sna míonna atá le teacht, áit a gcuirfear ábhar breise agus físeáin treorach ar fáil.

## 7.3 Iar-bhunscoileanna atá faoi phátrúnacht na mbord oideachais agus oiliúna (BOOanna)

Tacaíonn a mBOO áitiúil leis na scoileanna ina ngníomhaíocht soláthair.

## 7.4 Soláthar poiblí glas

Tá ról ríthábhachtach ag an earnáil phoiblí maidir le haistriú na hÉireann chuig geilleagar agus sochaí inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh carbóin de a threorú. Tá soláthar poiblí ar cheann de na príomhbhealaí ina gcuideoidh comhlachtaí poiblí le múnlú an aistrithe seo, agus spriocanna 2030 a bhaint amach maidir trí astaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú.

Soláthraíonn an Treoir um Sholáthar Poiblí Glas don Earnáil Phoiblí treoracha céim ar chéim agus critéir chun soláthar poiblí glas (SPG) a chur i bhfeidhm, de réir pholasaí agus reachtaíocht na hÉireann agus an AE. Ní mór do gach soláthar ina mbeidh cistí poiblí á úsáid soláthar poiblí glas (GPP) a áireamh. Maidir le scoileanna

a úsáideann an CCD chun leabhair scoile a aimsiú, beidh na critéir ar a mbronnfar conarthaí réamhchinnte agus cuirfear SPG san áireamh.

Tá treoir nuashonraithe 2024 ar fáil ag: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/epa-gpp-guidance-for-the-public-sector-2024.php

Tá uirlis chuardaigh critéar glas arna fhorbairt ag an OSR agus an An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ar fáil a ligeann d'úsáideoirí sainchritéir ghlasa a chuardach maidir le mír ar leith atá á cheannach acu. Ceann de na príomh-fhochatagóirí a ndéanann Scoileanna athbhreithniú orthu ná na critéir ghlasa "Táirgí páipéir agus seirbhísí priontála". Is féidir teacht ar an uirlis anseo: https://gppcriteria.gov.ie/.

## 7.5 Leabharliostaí bliantúla

Ba chóir go leanfadh iar-bhunscoileanna ar aghaidh ag cur leabharliostaí le chéile go bliantúil ag eascairt as cinntí múinteoirí ábhair agus lucht bainistíochta na scoile bunaithe ar riachtanais na scoile. Ba cheart iad seo a choinneáil chun críocha iniúchta.

Ba chóir fáil a bheith ag foilsitheoirí leabhar scoile ar leabharliostaí bliantúla. Cabhróidh sé seo leis na foilsitheoirí ina bpróiseas pleanála bliantúil lena n-áirítear an t-éileamh ar fhoilseacháin áirithe a mheas agus dóthain stoc a phriontáil. Cabhróidh sé freisin a chinntiú go gcuirtear aon ábhar acmhainne do mhúinteoirí agus aon cheadúnais chuí ar fáil don scoil.

Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara go bhféadfadh cruthúnas ceannaithe a bheith de dhíth ar fhoilsitheoirí leabhar chun acmhainní do mhúinteoirí a chur ar fáil a théann in éineacht le leabhair. Is faoi fhoilsitheoirí na leabhar scoile cinneadh a dhéanamh maidir le haon chostas a bhaineann le hacmhainn múinteora a fháil, nuair nach gá do scoil an téacsleabhar a ghabhann leis a cheannach. Beidh ar scoileanna é seo a bhreithniú agus soiléiriú a dhéanamh leis na soláthraithe faoi seach agus iad ag buiséadú agus ag ordú gach bliain.

Ba chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh ag athbhreithniú a gcuid riachtanas leabhar scoile ar bhonn bliantúil chun fad saoil agus inbhuanaitheacht a uasmhéadú agus cur amú a laghdú trína chinntiú nach n-ordaítear leabhair scoile agus acmhainní gach bliain mura bhfuil siad ag teastáil.

## 7.6 Teimpléad le haghaidh luachana má tá an tairiscint iomlán níos lú ná €50,000 (gan CBL san áireamh)

**NÓTA TÁBHACHTACH: Féadfar conarthaí faoi bhun €50,000 (gan CBL san áireamh) a bhronnadh ar bhonn luachana scríofa ó thrí sholáthraí.**

Mar a míníodh níos luaithe, don scoilbhliain 2025/26 tá córas ceannaigh dinimiciúil (CCD) á fhorbairt, agus eiseofar sonraí breise chuig gach meánscoil dheonach agus pobalscoil agus scoil chuimsitheach sna seachtainí atá le teacht. Má tá an luach iomlán an chonartha leabhar scoile níos lú ná €50,000, gan CBL san áireamh, féadfaidh scoileanna iad a fháil tríd an CCD nó trí thrí luachan scríofa a fháil ó thrí sholáthraí. Maidir le conarthaí níos lú ná €50,000 (gan CBL san áireamh), tá teimpléad luachan forbartha ag an Roinn, trí rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, chun an próiseas luachan a úsáideann scoileanna chun trí luachan a fháil a chaighdeánú.

Tá an teimpléad ar fáil ag an nasc seo www.spu.ie. Cé nach bhfuil dualgas ar scoileanna an teimpléad seo a úsáid, meastar go bhfuil sé tairbheach do scoileanna agus do sholáthraithe araon chun cur le héifeachtacht an phróisis soláthair má tá luach iomlán na tairisceana faoi bhun €50,000 (gan CBL san áireamh).

## 7.7 Cód Cleachtais Chumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann (IEPA)

D’aontaigh príomhfhoilsitheoirí oideachais na hÉireann cód cleachtais a bhfuil sé mar chuspóir aige cabhrú le costais leabhar scoile a laghdú do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoileanna. Mar chuid den chód seo, tá na foilsitheoirí tiomanta eagráin nua de leabhair scoile a choinneáil i gcló ar feadh sé bliana ar a laghad, comhoibriú le scoileanna aonair i bhforbairt scéimeanna cíosa leabhar scoile agus rannpháirtíocht fheabhsaithe a bheith acu le pobail scoile, tuismitheoirí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile. **Féach Aguisín 5.**

## 7.8 Gníomhaireacht na hÉireann um Cheadúnú Cóipchirt

In Éirinn, tá leabhair, irisí, foilseacháin dhigiteacha agus láithreáin ghréasáin cosanta ag dlí cóipchirt na hÉireann, agus baineann an dlí sin le gach duine. Mar sin, nuair a bhíonn múinteoir ag iarraidh cóipeanna d’ábhar ó shuíomh gréasáin nó ó leabhar nó ó irisleabhar a chur ar fáil dá scoláirí, ní mor dóibh cead a fháil é sin a dhéanamh.

Tá sé éigeantach go mbeadh ceadúnas ag aon fhoras oideachais ar mian leis cóipeanna iolracha a dhéanamh de shaothair éagsúla atá faoi chosaint cóipchirt. Ó Mheán Fómhair 2022, tá Príomhcheadúnas Oideachais ag an Roinn Oideachais thar ceann na mbunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna go léir atá aitheanta sa Scéim Saoroideachais. Ligeann sé seo do scoileanna ábhar a athúsáid i gceachtanna gan ceadanna a fháil chun é sin a dhéanamh.

Tá tuilleadh sonraí ar a gceadaítear do scoileanna a úsáid faoin gceadúnas scoile ar fáil ag an nasc seo a leanas https://www.icla.ie/licences/primary-and-post-primary-schools-licences.

## 7.9 Siopaí leabhar scoile agus soláthraithe leabhar scoile

San am thart, cheannaigh go leor tuismitheoirí/caomhnóirí leabhair scoile go díreach ó shiopaí leabhar scoile agus ó sholáthraithe leabhar scoile thar roinnt míonna. Rachaidh siopaí leabhar scoile agus soláthraithe acmhainní i dteagmháil go díreach le roinnt scoileanna maidir leis an scéim. B'fhéidir go mbeidh ar shiopaí agus ar sholáthraithe dá leithéid orduithe móra a phróiseáil ó roinnt scoileanna anois.

Chun cur i bhfeidhm ordúil na socruithe nua a chinntiú iarrtar ar scoileanna a leabharliostaí agus a riachtanais don scoilbhliain 2025/26 a thabhairt chun críche chomh luath agus is féidir chun a chinntiú go gcuirtear leabhair agus acmhainní ranga gaolmhara ar fáil sula dtosaíonn an scoilbhliain nua.

Ní mór do scoileanna treoirlínte soláthair phoiblí a leanúint (féach **Aguisín 4**).

Eiseofar an maoiniú do scoileanna i mí Márta 2025 chun íocaíocht thráthúil a éascú do sholáthraithe leabhar scoile. Féadfaidh soláthraithe leabhar scoile éarlais a ghearradh ar scoileanna. Is faoi rogha an tsiopa leabhar/soláthraí é seo agus ba chóir go mbeadh sé mar chuid d'aon chomhaontú conartha idir scoil agus soláthraí.

Glactar leis go bhfuil cúinsí áirithe ann ina bhféadfadh go mbeadh ar iar-bhunscoileanna áirithe orduithe a dhéanamh tar éis thús na scoilbhliana 2024/25, mar shampla, nuair a bhíonn gá le leabhair scoile nó acmhainní breise a cheannach nó i gcás roghanna ábhar a dheimhnítear tar éis na blasmhodúil a bheith curtha i gcrích.

# 8. Bainistíocht airgeadais

## 8.1 Riarachán airgeadais

Ní mór nósanna imeachta bainistíochta airgeadais cuí a chur i bhfeidhm i gcónaí ar an maoiniú a chuirtear ar fáil do scoileanna faoi Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí. Tá an maoiniú leabhar scoile imfhálaithe do leabhair scoile agus acmhainní ranga do scoláirí, mar atá leagtha amach sa treoir seo. Ba chóir idirbhearta a bhaineann leis an scéim a aithint mar sin i gcuntais na scoile mar is ionann le nósanna imeachta caighdeánacha bainistíochta airgeadais (féach suíomh gréasáin an FSSU le haghaidh treorach).

Má tá barrachas maoinithe ag scoileanna faoin Scéim Leabhar Iar-bhunscoile ag deireadh na scoilbhliana 2025/26, is féidir an maoiniú sin a thabhairt ar aghaidh isteach sa scoilbhliain 2026/27. Tá sé tábhachtach go mbreithneoidh scoileanna a gcuid riachtanas leabhair scoile a athsholáthar nó leabhair scoile nua a cheannach an bhliain dár gcionn agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le haon deontas barrachais a úsáid.

Mar is amhlaidh le gach cúnamh deontais ón Státchiste, ní mór d'údaráis scoile a bheith in ann taifid mhionsonraithe a sholáthar ar an gcaoi ar caitheadh an maoiniú a cuireadh ar fáil faoin scéim seo. Ní mór gach caiteachas a bhaineann leis an scéim a dheimhniú agus caithfidh scoileanna a bheith in ann a chruthú gur úsáideadh caiteachas chun ábhair a cheadaítear faoin scéim a cheannach.

Ní mór sonraisc agus admhálacha a choinneáil chun críocha iniúchta/cigireachta na roinne, ag an Aonad Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) / ag Aonaid Iniúchta Inmheánaigh (BOO) mar is cuí agus/nó ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Is gá do scoileanna liostaí leabhar, sonraí na luachana a fuarthas, sonraisc, admhálacha agus aon taifid ábhartha eile maidir le gach caiteachas a choinneáil ar feadh tréimhse seacht mbliana.

Cuirfear tuairisc ioncaim agus caiteachais ar fáil do scoileanna le comhlánú chun aschuir ón scéim a chinneadh. Eiseofar é seo chuig scoileanna in am trátha.

Má dhúnann scoil go buan, ní mór aon iarmhéid atá ag an scoil ón deontas seo a thabhairt suas don roinn ar an dáta a scoirfidh an scoil de bheith ag feidhmiú. I gcás ina ndúnann scoil go buan, mar gheall ar chónascadh, aistreofar aon iarmhéid atá ag na dá scoil ón deontas seo a aistriú go dtí an scoil nua.

Coimeádann an roinn an ceart maoiniú a eisíodh ó mhaoiniú deontais eile a fhorchúiteamh as neamh-chomhlíonadh aon cheann de théarmaí na scéime seo. Ní

mór do scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán DPER 13/2014, *Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí Státchiste*.

## 8.2 Maoiniú barrachais

Ba cheart aon chistí atá fágtha ón leithdháileadh deontais leabhar roimhe seo a thabhairt ar aghaidh go dtí an scoilbhliain 2025/26. Áirítear leis seo aon mhaoiniú deontais leabhar a tugadh ar aghaidh ó Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí. Ní mór an maoiniú seo a úsáid chun tacú le costais leabhar scoile agus acmhainní ranga in aon cheann de bhlianta na Sraithe Sóisearaí nó na Sraithe Sinsearaí. Moltar do scoileanna a bhfuil deontas leabhar neamhchaite carntha acu ina gcuntais ó bhliain/bhlianta roimhe sin a áireamh mar chuid dá gcaiteachas iomlán agus iad ag buiséadú do riachtanais leabhar agus acmhainní na ranganna agus blianta go léir.

Ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcaitear an maoiniú deontais leabhar go léir a thugtar ar aghaidh agus barrachais sula n-iarrtar maoiniú breise tríd an soláthar do chásanna eisceachtúla na scéime seo.

## 8.3 An t-aonad um sheirbhísí tacaíochta airgeadais

I gcomhréir le Ciorclán na Roinne 0002/2018, *Feidhmiú na Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU),* cuireann an tAonad Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) comhairle agus tacaíocht ar fáil do Mheánscoileanna Deonacha agus do Phobail agus do Scoileanna Cuimsitheacha maidir le rialachas airgeadais. Tá an ciorclán ar fáil anseo https://www.gov.ie/ga/ciorclan/9f2f90098d8a41f7ad3fc3fd4dac1983/?.

Áirítear leis seo socruithe a chaighdeánú chun riachtanais chuntasaíochta a chomhlíonadh faoi Alt 18 den Acht Oideachais 1998 agus feabhas a chur ar na struchtúir tacaíochta airgeadais reatha do scoileanna. Tacaíonn an FSSU freisin le boird bhainistíochta a gcuid riachtanas comhlíonta a chomhlíonadh do chomhlachtaí rialála agus reachtúla eile. Tá treoir curtha le chéile ag an FSSU chun cabhrú le scoileanna lena riachtanais chuntasaíochta. Is féidir é a rochtain ag an nasc seo a leanas https://www.fssu.ie/post-primary/.

Féadfaidh scoileanna a bheith faoi réir iniúchta ag an FSSU mar chuid dá chlár leanúnach oibre chun tacú le scoileanna i ngnóthaí rialachais airgeadais agus chun cur ar a gcumas forálacha an Achta Oideachais 1998 a chomhlíonadh.

Féadfaidh maoiniú do scoileanna BOO a bheith faoi réir iniúchta ag Aonaid Iniúchta Inmheánaigh BOOanna.

## 8.4 Íocaíochtaí le soláthraithe

Ba cheart do scoileanna a bheith airdeallach maidir leis an tábhacht a bhaineann le sonraisc a íoc go pras le soláthraithe de réir na treorach bainistíochta airgeadais a sholáthraíonn an FSSU. Eiseofar maoiniú do scoileanna go luath in 2025 lena chinntiú go mbeidh an cumas ag scoileanna leabhair scoile agus earraí eile a cheannach roimh thús na scoilbhliana. B'fhéidir gur mhian le soláthraithe leabhar scoile éarlais a ghearradh ar scoileanna.

# 9. Meastóireacht ar an scéim

## 9.1 Athbhreithniú agus tuairisciú scoile

Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm ar an scéim ar bhonn bliantúil de réir threoir na scéime. Cabhróidh sé seo freisin le scoileanna agus iad ag ullmhú do thuairisciú faisnéise a bheidh ag teastáil ón Roinn chun críocha rialachais agus iniúchta. D'fhéadfadh go gcuimseodh sé seo:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na scéime i rith na scoilbhliana
- Feabhsuithe féideartha ar fheidhmiú na scéime a aithint
- Measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse ón soláthraí/ na soláthraithe leabhar
- An polasaí scoile a iniúchadh maidir le hathsholáthar téacsleabhar agus leabhar saothair a íoslaghdú
- Breithniú a dhéanamh ar bhearta chun costais a íoslaghdú amach anseo.

Tá dearcadh bhainistíocht na scoile, múinteoirí aonair, ranna ábhar, tuismitheoirí agus scoláirí lárnach in athbhreithniú dá leithéid.

## 9.2 Rialachas agus iniúchadh na Roinne Oideachais

Beidh ar gach iar-bhunscoil tuairisc ioncaim agus caiteachais a chomhlánú agus a chur isteach, gach bliain, maidir leis an scéim. Beidh an roinn i dteagmháil sna míonna atá le teacht le hiar-bhunscoileanna maidir leis an Tuairisceán Ioncaim agus Caiteachais don scoilbhliain 2025/26. Iarrfar ar scoileanna sonraí a sholáthar maidir le costais riaracháin agus airgeadais na scéime agus ní mór do scoileanna comhoibriú leis an bpróiseas.

D'fhéadfadh go mbeadh sé i gceist le meastóireacht leanúnach ar an scéim sampla de scoileanna a roghnú le bheith rannpháirteach in aon mheastóireacht ar an scéim.

Cuirfear in iúl roimh ré do scoileanna a roghnaítear don mheastóireacht agus iarrfar orthu comhoibriú leis an bpróiseas. Beidh sé mar aidhm ag an meastóireacht, i measc nithe eile:

- athbhreithniú ar oibriú na scéime, lena n-áirítear comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha, Ciorcláin agus treoir na scéime
- feabhsuithe féideartha ar fheidhmiú na scéime a aithint
- caiteachas faoin scéim a athbhreithniú

- breithniú a dhéanamh ar bhearta atá ceaptha chun éifeachtúlacht a fheabhsú sa todhchaí
- measúnú a dhéanamh ar tionchair níos leithne na scéime a mheas maidir le (1) costas an oideachais do theaghlaigh a laghdú (2) fáil réidh le bacainní ar oideachas do roinnt scoláirí (3) luach ar airgead a chothú (4) éifeachtacht chomhshaoil agus costas a chur chun cinn trí athúsáid leabhar.

Déanfar tuairimí bhainistíocht scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí, foilsitheoirí leabhar scoile, siopaí leabhar scoile agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a mheas nuair a bhíonn aon mheastóireacht á forbairt.

Tá sé riachtanach go gcoimeádfadh scoileanna/BOOanna na doiciméid go léir a bhaineann leis an scéim lena n-áirítear cruthúnas ar chomhlíonadh rialacha soláthair an AE agus náisiúnta, agus sonraí na n-earraí go léir a cheannaítear faoin scéim chun a chinntiú go gcuirtear faisnéis bhailí ar fáil don phróiseas meastóireachta.

# 10. Athbhreithniú ar an treoir seo

Baineann an treoir seo leis an scoilbhliain 2025/26. Déanfar athbhreithniú ar an treoir roimh an scoilbhliain 2026/27 agus/nó de réir mar is gá. Cuirfear aon athbhreithniú in iúl do scoileanna agus do chomhpháirtithe oideachais.

# 11. Ceisteanna

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an treoir seo a sheoladh chuig postprimaryschoolbooks@education.gov.ie

Tá Treoir Thagartha Tapa curtha ar fáil ag an roinn do scoileanna chun cuidiú leis na ceisteanna ginearálta faoin scéim seo. Is féidir an treoir thapa a rochtain ag www.gov.ie/scéimeannaleabharscoile

# Aguisín 1 – Acmhainní ranga lárnacha

Is iad na hacmhainní seo a leanas na nithe **nach mór** do scoileanna a chur ar fáil do gach scoláire maidir leis na cláir atá leagtha amach thíos (nuair is gá na nithe bunaithe ar roghanna ábhar agus riachtanais aonair gach scoile ar leith):
Tuigeann an Roinn go bhfuil éagsúlacht mhór idir roghanna agus teaglaim ábhar i roinnt scoileanna. Tá sé de rogha ag scoileanna rudaí breise nó earraí ionaid a sholáthar ar na liostaí thíos, ach ní gá iarraidh ar thuismitheoirí aon cheann de na hearraí seo a cheannach.

Sa chás go gcuirtear croí-acmhainní ranga ar fáil, níl aon dualgas ar an scoil rud a cailleadh nó a ndearna scoláire damáiste dó a athsholáthar.

### Aguisín 1.1 Scoláirí na Sraithe Sóisearaí

- Dialann scoile amháin do gach scoláire gach bliain den tSraith Shóisearach
- 12 chóipleabhar (lena n-áirítear leabhar nótaí crua chomhionann nó bloc páipéir athlíonta) do gach scoláire gach bliain den tSraith Shóisearach
- 1 fhillteán plaisteach léirithe A4 do gach scoláire gach bliain den tSraith Shóisearach
- 1 fhillteán zip plaisteach A4/cás iompair do gach scoláire gach bliain den tSraith Shóisearach
- 1 sraith mórleabhair/iriseáin/leabhair airgid le haghaidh staidéar cuntasaíochta/gnó do gach scoláire gach bliain den tSraith Shóisearach
- 1 cóipleabhar eolaíochta do gach scoláire gach bliain den tSraith Shóisearach
- 1 cóipleabhar ceoil/lámhscríbhinní ceoil do gach scoláire gach bliain den tSraith Shóisearach
- 1 sraith leabhair ghramadaí do gach scoláire (le bheith ag an scoláire sin dá t(h)réimhse sa tSraith Shóisearach)
- 1 foirmlí matamaitice & táblaí/logleabhar (le bheith ag an scoláire sin dá t(h)réimhse sa tSraith Shóisearach)
- 1 áireamhán eolaíoch (le bheith ag an scoláire sin dá t(h)réimhse sa tSraith Shóisearach)
- 1 foclóir(í) (le bheith ag an scoláire sin dá t(h)réimhse sa tSraith Shóisearach)

### Aguisín 1.2 Scoláirí na hIdirbhliana

- Dialann scoile amháin do gach scoláire
- 12 chóipleabhar (lena n-áirítear cóip chrua chomhionann nó bloc páipéir athlíonta) do gach scoláire

- 1 fhillteán plaisteach léirithe A4 do gach scoláire
- 1 fhillteán zip plaisteach A4/cás iompair do gach scoláire

### Aguisín 1.3 Scoláirí na Sraithe Sinsearaí lena n-áirítear an Ardteistiméireacht Bhunaithe, Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)

Beidh a fhios ag scoileanna go bhféadfadh roinnt nithe a bheith cheana féin ag daltaí ón tSraith Shóisearach agus is faoi na scoileanna atá sé riachtanais na mac léinn a chinneadh.

Tá na híosmhéid nithe do scoláirí na Sraithe Sinsearaí (gan daltaí na hIdirbhliana san áireamh) liostaithe thíos:

Croí-acmhainní ranga:

- Dialann scoile amháin do gach scoláire gach bliain den tSraith Shinsearach
- 16 chóipleabhar lena n-áirítear 2 chóipleabhar do gach ábhar scrúdaithe (lena n-áirítear leabhair nótaí crua comhionann nó bloc páipéir athlíonta) do gach scoláire gach bliain den tSraith Shinsearach
- 1 sraith mórleabhair/iriseáin/leabhair airgid le haghaidh staidéar cuntasaíochta/gnó do gach scoláire gach bliain den tSraith Shinsearach
- 1 cóipleabhar eolaíochta/comhionann do gach scoláire gach bliain den tSraith Shinsearach mar is gá le haghaidh ábhair eolaíochta agus eolaíocht fheidhmeach
- 1 cóipleabhar ceoil/lámhscríbhinní ceoil do gach scoláire gach bliain den tSraith Shinsearach
- 1 ceanglóir fáinneach agus pócaí nó fillteán plaisteach A4 (nó comhionann) do gach scoláire in aghaidh an ábhair in aghaidh na bliana do gach bliain den tSraith Shinsearach
- 1 fhillteán zip plaisteach A4/cás iompair do gach scoláire gach bliain den tSraith Shinsearach
- 1 foirmlí matamaitice & táblaí/logleabhar (le bheith ag an scoláire sin dá t(h)réimhse sa tSraith Shinsearach)
- 1 tacar céimseata matamaitice (le fanacht ag don scoláire sin do thréimhse na Sraithe Sinsearaí
- 1 áireamhán eolaíoch (le bheith ag an scoláire sin dá t(h)réimhse sa tSraith Shinsearach)
- 1 foclóir/leabhar gramadaí ábhartha do gach teanga atá á staidéar do thréimhse na Sraithe Sinsearaí

Má bhíonn aon cheann de na nithe atá liostaithe thuas in úsáid ag scoil, ní mór don scoil iad a sholáthar laistigh den mhaoiniú deontais.

Mura bhfuil sé i gceist ag scoil cuid de na nithe atá liostaithe thuas a úsáid ach go n-úsáidtear nithe comhchosúla, dá bhfuil táille gearrtha ar thuismitheoirí/chaomhnóirí roimhe seo nó ar iarradh orthu nithe a cheannach, tá sé de rogha ag an scoil nithe eile a chur in ionad na nithe atá liostaithe anseo dá riachtanais churaclaim féin sna hábhair éagsúla. Ní féidir le scoil, áfach, rogha a dhéanamh an maoiniú a úsáid le haghaidh nithe nach bhfuil liostaithe anseo agus leanúint ar aghaidh le muirear a ghearradh nó táille a thabhairt isteach ar thuismitheoirí/chaomhnóirí nó iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí na nithe atá liostaithe thuas a sholáthar.

# Aguisín 2 – Dréacht chumarsáid chuig tuismitheoirí/caomhnóirí scoláirí ata rollaithe in iar-bhunscoileanna aitheanta.

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Maidir le: An Scéim Iar-bhunscoile don scoilbhliain 2025/26.

Don scoilbhliain 2025/26, gheobhaidh gach scoláire in iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais leabhair saor in aisce leabhair scoile in aisce agus acmhainní ranga áirithe eile. Beidh sé seo i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana nua.

Tá an scéim nua seo tugtha isteach ag an Aire Oideachais, Helen McEntee. Tá sé seo mar aitheantas ar an gcostas a bhaineann le daoine óga a ullmhú le filleadh ar an scoil. Cuireann an scéim deireadh leis an gcostas do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhaineann le leabhair scoile a chur ar fáil agus íocfaidh an Stát acmhainní ranga lárnacha anois. Cinnteoidh an scéim cothromas rochtana inar féidir le gach leanbh agus duine óg atá cláraithe i mblianta na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais tús a chur leis an scoilbhliain nua in 2025/26 leis na leabhair scoile agus acmhainní ranga céanna le leanaí agus daoine óga eile ina rang.

Áirítear le “Leabhair Scoile” na téacsleabhair ábhartha go léir, lena n-áirítear ríomhleabhair, ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí, an Idirbhliain san áireamh. Clúdaíonn sé freisin leabhair oibre atá in úsáid sa scoil chun tacú le teagasc agus le foghlaim ábhair. Áirítear freisin téacsanna breise riachtanacha ar nós úrscéalta agus drámaí don Bhéarla agus nuair is gá leabhair iarpháipéir scrúdaithe do gach ábhar.

Tá maoiniú na scéime in 2025/26 á chur ar fáil go díreach d’iar-bhunscoileanna ag an Roinn Oideachais. Tá freagracht ar scoileanna anois leabhair scoile agus acmhainní ranga a sholáthar do scoláirí uile na scoláirí go léir ag tús na scoilbhliana 2025/26.

**(Nuair is le tuismitheoirí/caomhnóirí scoláirí na dara agus na tríú bliana, na séú bliana agus ATF2 a leabhair scoile faoi láthair nó gur tugadh leabhair scoile dóibh faoi Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí in 2024/25 ní mór iad seo a úsáid.)**

D’fhéadfadh go mbeadh a lán de na leabhair scoile agus na hacmhainní ranga atá de dhíth ceannaithe ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí na scoláirí atá ag tosú sa dara, tríú,

séú bliain agus ATF2 cheana féin, nó curtha ar fáil do scoláirí faoi Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí. Clúdófar anois aon leabhair scoile agus croí-acmhainní ranga breise a bheidh ag teastáil ó scoláirí sna blianta seo faoin scéim

Fanfaidh na leabhair scoile go léir agus na hacmhainní ar leith a chuirfear ar fáil faoin scéim nua faoi úinéireacht na scoile, ionas gur féidir iad a athúsáid sna blianta atá le teacht (nuair is cuí).

Cuirfear leabhair scoile agus acmhainní áirithe ar fáil ar iasacht do scoláirí ar feadh na scoilbhliana 2025/26 agus ní mór iad a thabhairt ar ais ar scoil ag deireadh na scoilbhliana/an timthrialla (3 bliana na Sraithe Sóisearaí, 2 bhliain na Sraithe Sinsearaí **SCRIOS MAR IS CUÍ**).

Faoi théarmaí na scéime, tá cead ag scoileanna éarlais inaisíoctha a ghearradh chun leabhair scoile a chailltear, a ndéantar damáiste dóibh agus nach gcuirtear ar ais a chlúdach. Tá sé socraithe ag an scoil éarlais inaisíoctha de €50 a ghearradh ar gach scoláire. Nuair a sheoltar leabhair scoile ar ais chuig an scoil aisíocfar an éarlais.

Cuir i gcuimhne do leanaí aire a thabhairt dá leabhair scoile agus acmhainní ranga agus iad a choinneáil i riocht maith don tréimhse a mbeidh siad acu. Ní cheadaítear scríobh ar théacsleabhair. Níl aon dualgas ar an scoil rud a cailleadh nó a ndearna dalta damáiste dó a athsholáthar.

D’fhéadfadh roinnt acmhainní ranga gaolmhara breise a bheith i gceist nach bhfuil clúdaithe faoin scéim.

Déanfaidh an scoil sonraí breise ar na nithe a chaithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí a sholáthar (más ann dóibh) chun filleadh ar an scoil i mí Lúnasa/Meán Fómhair 2025 a mhionsonrú agus a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí amach anseo.

Le dea-mhéin

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

# Aguisín 3 – Liosta tascanna na scoile

- Pearsanra a earcú le bheith chun oibriú ar riaradh na scéime
- Leabharliosta a fuarthas ó gach múinteoir ranga/ábhair aonair agus liosta na n-acmhainní ranga gaolmhara a theastaíonn do gach rang a chur le chéile
- Iniúchadh a dhéanamh ar an stoc reatha leabhar agus acmhainní lárnacha ranga is féidir a athúsáid
- Próiseas rogha ábhar a thabhairt chun críche in am le cur ar chumas na scoile an líon leabhar atá ag teastáil a aimsiú.
- A fháil amach, agus liosta a dhéanamh, de na leabhair scoile agus na hacmhainní ranga gaolmhara is gá a cheannach
- Miondealú buiséid a dhéanamh amach do leabhair scoile, acmhainní lárnacha agus acmhainní breise
- Cinneadh a dhéanamh maidir leis na hacmhainní ranga breise a chlúdófar leis an deontas
- Cloí le treoirlínte soláthair phoiblí lena n-áirítear an líon riachtanach luachana a lorg ó shiopaí leabhar scoile agus ó sholáthraithe agus cloí le riachtanais fógraíochta agus tairisceana nuair is infheidhme
- Nuair a sháraíonn an conradh do leabhair scoile €50,000 (gan CBL san áireamh), páirt a ghlacadh i seisiúin oiliúna agus eolais a chuireann an roinn ar fáil maidir leis an CCD nua agus dul i dtaithí ar an áisíneacht CCD
- Nuair a shíltear go sáróidh conradh d’acmhainní seomra ranga €50,000 gan CBL san áireamh teagmháil a dhéanamh le hAonad Soláthair na Scoileanna le haghaidh tacaíocht shonrach soláthair.
- Nuair atá an conradh do leabhair scoile agus/nó acmhainní ranga níos lú ná €50,000 (gan CBL san áireamh), cinneadh a dhéanamh maidir le soláthraí do leabhair scoile agus acmhainní ranga agus an t-ordú/na horduithe a chur isteach.
- Sonraí a thabhairt d’fhoilsitheoirí leabhar scoile chun riachtanais tacaíochtaí digiteacha a shásamh chun ceadúnais ríomhleabhar nó acmhainní múinteora a ghnóthú
- A chinntiú go gcuireann na foilsitheoirí ábhartha na hacmhainní teagaisc/ cóipcheart go léir is gá ar fáil
- Teagmháil a dhéanamh le siopaí agus soláthraithe faoi aon cheisteanna
- Gach sonrasc a sheiceáil in aghaidh orduithe
- An stoc a thagann a sheiceáil in aghaidh orduithe/sonraisc
- Áit oiriúnach a shocrú chun stoc a stóráil
- Socrú go n-eiseofar íocaíocht go tráthúil chuig siopaí agus soláthraithe

- Cinneadh a dhéanamh maidir le clúdach a chur ar na leabhair scoile chun cur lena saolré
- A chinntiú go bhfuil córas cuí i bhfeidhm chun leabhair scoile a chatalógú m.sh. lipéadú/barrachóid/córas scanóir
- Leabhair agus acmhainní gaolmhara ranga a shórtáil mar is cuí
- Leabhair agus acmhainní gaolmhara ranga a dháileadh ar scoláirí
- Taifid airgeadais a choinneáil agus luachana, doiciméid tairisceana agus cruthúnas ar cheannach ábhar atá maoinithe ag an scéim a choinneáil
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí
- Comhoibriú leis an roinn má roghnaítear an scoil chun páirt a ghlacadh sa mheastóireacht ar an scéim
- Stoc breise a ordú de réir mar is gá i rith na bliana (idir leabhair scoile agus acmhainní ranga gaolmhara)
- Socrú a dhéanamh chun na leabhair scoile a fháil ar ais ó scoláirí ag deireadh gach bliana nó ag deireadh na timthrialla de réir mar is cuí.

# Aguisín 4 – Riachtanais soláthair

Is féidir le scoileanna clárú chun rochtain a fháil ar Chrios Ceannaithe OGP chun faisnéis iomlán a fháil faoin gcreat Soláthairtí Oifige seo. Tá rochtain ag Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí ar an gCrios Ceannaithe amháin. Coimeádann sé an fhaisnéis go léir faoi shocruithe soláthair is féidir le BSP a úsáid.

Tá an Creat Soláthair Oifige deartha le roinnt lotaí geografacha chun ligean do níos mó soláthraithe rochtain a fháil ar ghnó na hearnála poiblí.


Síníonn Comhlachtaí na hEarnála Poiblí don bheart ina bhfuil a gcuid oifigí/ foirgnimh suite.

Ba chóir do gach scoil an ceann tíreolaíoch ina bhfuil a scoil suite a roghnú. Ar an limistéar ceannaitheoirí (buyerzone), tá fáil ar dhoiciméadú gaolmhar a mhíneoidh go mion:

- An chaoi leis an gcreat a úsáid ar an treoirdhoiciméad úsáideora (trí fhoirm Fógra chun Gníomhachtú earraí nó NAGF a chomhlánú agus é a sheoladh chuig an soláthraí le comhshíniú. Is féidir feidhmiú an chonartha a phlé leis an soláthraí ansin agus socrú a dhéanamh ar mhodh íocaíochta, laethanta seachadta, duine/daoine teagmhála a shannadh)
- Na hearraí atá ar fáil le ceannach ón gcreat seo. Beidh catalóg Excel ag gach Beart le míreanna líne agus costas gach earra. I measc na n-earraí atá ar fáil tá leathphraitinní, pinn, pinn luaidhe go cairteacha balla agus cláir bhána.
- Oibleagáidí na soláthraithe mar chomhaltaí den chreat seo (ar nós amanna seachadta, amanna do phróiseáil earraí ar ais).

Ní féidir le scoileanna ach táirgí atá sa chatalóg a ordú faoin gconradh seo.

Má tá nithe breise stáiseanóireachta ag teastáil ó scoil nach bhfuil mar chuid den chatalóg don Bheart, caithfear na treoirlínte cuí um sholáthar poiblí a leanúint agus na hearraí seo á bhfáil acu.




Leagtar amach na riachtanais soláthair sa tábla thíos nuair nach mbíonn Creat Stáiseanóireachta OGP in úsáid.

<table>
<tr><th colspan="4">Leabhair Scoile agus Acmhainní Seomra Ranga – Treoir maidir le Tairseacha Caiteachais (gan CBL a áireamh)</th></tr>
<tr><td>Faoi bhun €5,000</td><td>€5,000 go €50,000</td><td>€50,000 go Tairseach an Aontais Eorpaigh (€220,999)</td><td>Os cionn €221,000</td></tr>
<tr><td>Féadfar an dámhachtain a dhéanamh ar bhonn luachaintí ó bhéal nó i scríbhinn ó sholáthraí iomaíoch amháin nó níos mó.</td><td>3 Luachan ar a laghad (nó an Córas Dinimiciúil Ceannaigh)</td><td>I gcás leabhair scoile - an Córas Dinimiciúil Ceannaigh<br><br>Úsáidfear an Córas Dinimiciúil Ceannaigh do chonarthaí leabhar scoile ar mó a luach ná Tairseach an Aontais Eorpaigh, mar atá €220,999<br><br>I gcás Conarthaí Acmhainní Seomra Ranga a meastar gur mó a luach ná €50,000, déan teagmháil leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna chun tacaíocht a fháil</td><td>An Córas Dinimiciúil Ceannaigh</td></tr>
<tr><td>Seol iarraidh nó Teimpléad le haghaidh Iarrataí ar Luachaintí le ríomhphost</td><td>Teimpléad le haghaidh Iarrataí ar Luachaintí ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna</td><td colspan="2" rowspan="3">Soláthrófar tacaíocht shaincheaptha maidir leis an gCóras Dinimiciúil Ceannaigh do mheánscoileanna deonacha agus do scoileanna pobail agus cuimsitheacha go luath sa bhliain 2025.</td></tr>
<tr><td>Luachaintí a chuirtear isteach i scríbhinn nó le ríomhphost</td><td>Tabhair freagra ar an aighneacht le ríomhphost</td></tr>
<tr><td>Tabhair freagra laistigh de sheachtain amháin nó dhá sheachtain</td><td>14 lá</td></tr>
<tr><td>An Praghas is Ísle</td><td>An tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch</td><td colspan="2" rowspan="3"></td></tr>
<tr><td>Roghnaigh an Praghas is Ísle</td><td>Déan meastóireacht ar thairiscintí in aghaidh na gcritéar sonraíochta, cáilíochta agus dámhachtana</td></tr>
<tr><td>Seol torthaí le ríomhphost</td><td>Seol torthaí le ríomhphost, agus cúiseanna tugtha Foilsigh an fógra dámhachtana conartha ar eTenders i gcás conarthaí ar mó a luach ná €25,000</td></tr>
</table>

# Aguisín 5 – Cumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann (IEPA)

**IEPA Cód Cleachtais– Athbhreithnithe Bealtaine 2022**

**Tá baill Chumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann tiomanta don Chód Cleachtais seo a leanas a chur i bhfeidhm, agus é mar chuspóir ag an gcód costas leabhar scoile a laghdú agus an t-eispéireas oideachais a fheabhsú do thuismitheoirí agus do scoileanna.**

- Ní dhéanfaidh foilsitheoirí aon leabhar scoile a leasú laistigh de thréimhse ceithre bliana ar a laghad – ach amháin má bhíonn athrú ar an gcuraclam, ar scrúdú stáit nó ar mhodhanna measúnaithe, nó má bhíonn éileamh ag teacht ó mhúinteoirí dá leithéid.
- Nuair a fhoilsítear leagan leasaithe de théacsleabhar, coimeádfar an sean-eagrán i gcló ar feadh dhá bhliain, ach amháin má thiteann an díolachán faoi bhun 500 cóip. Ciallaíonn sé seo go mbeidh eagrán nua de théacsleabhair ar fáil ar feadh sé bliana ar laghad.
- Comhoibreoidh baill an IEPA leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis na heagraíochtaí carthanachta éagsúla maidir le tionscnaimh a fhorbairt chun rochtain ar ábhair oideachais a fheabhsú do leanaí faoi bhuntáiste in Éirinn agus thar lear.
- Lasmuigh dá dtiomantas eagráin a choimeád i gcló ar feadh sé bliana ar a laghad, comhoibreoidh na foilsitheoirí le scoileanna aonair nuair a bhíonn scéimeanna leabhair ar cíos á fhorbairt acu.
- Leanfaidh foilsitheoirí orthu leis an gcaidreamh gníomhach a bhíonn acu le pobail scoile, le tuismitheoirí, le múinteoirí agus le gníomhaireachtaí rialtais eile chun an t-eispéireas oideachais a fheabhsú do scoláirí i scoileanna na hÉireann.

Glactha i mí Dheireadh Fómhair 2011 agus athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2015, tá tacaíocht ag an gCód Cleachtais seo ó na foilsitheoirí seo a leanas: CJ Fallon, Educate.ie, Folens, Gill Education, An Gúm, Mentor Schoolbooks, Prim-Ed, The Educational Company agus Veritas.

# Nascanna Úsáideacha

www.gov.ie/scéimeannaleabharscoile

Gov.ie – Treoirlínte um Sholáthar Poiblí i gcás earraí agus seirbhísí (www.gov.ie)

Treoirlínte do Scoileanna ar Dea-Chleachtais Soláthar - SPU

https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/epa-gpp-guidance-for-the-public-sector-2024.php

COGG | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

https://www.scoilnet.ie/ga/iar-bhunscoil/

https://oide.ie/ga/

https://www.webwise.ie/ga/

https://buyerzone.gov.ie/

www.spu.ie

DPER Ciorclán 05/2023 – Tionscnaíochtaí chun cuidiú le Fiontair Bheaga agus Meánmhéide i Soláthar Poiblí

DPER Ciorclán 13/2014 – Deontais as Cistí Státchiste a Bhainistiú

Ciorclán RO 0002/2018 Feidhmiú an Aonad Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU)

https://www.fssu.ie/post-primary/

https://www.icla.ie/licences/primary-and-post-primary-schools-licences

Cumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann/cód-cleachtais